Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

# An Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe (Ceartú)
# An 8ú hEagrán 2019

Comhpháirtíocht

Cleachtadh

Feidhmíocht

# Clár Ábhar


**Brollach** **5**

**Caibidil 1: Cuspóir na treorach** **6**

1 Conas an treoir seo a úsáid 7
2 Mí-iompar gairmiúil agus feidhmíocht ghairmiúil lag 7

**Caibidil 2: Gairmiúlacht** **9**

3 Trí Cholún na Gairmiúlachta – 10
4 Comhpháirtíocht – 10
5 Cleachtas – 11
6 Feidhmíocht – 12

**Caibidil 3: Comhpháirtíocht** **14**

7 Dínit an othair 15
8 Comhionannas agus éagsúlacht 15
9 Toiliú – prionsabail ghinearálta 15
10 Cumas chun toiliú 15
11 Faisnéis d'othair 16
12 Uainiú an phróisis toilithe 17
13 Freagracht as toiliú a iarraidh 17
14 Cásanna éigeandála 17
15 Diúltú do chóireáil a fháil 17
16 Réamhphlean cúram sláinte nó réamhthreoir cúram sláinte 18
17 Toiliú le tástáil ghéiniteach 18
18 Leanaí agus daoine óga 18
19 Caidreamh pearsanta le hothair 20
20 Na meáin shóisialta a úsáid 20
21 Caidreamh idir comhghleacaithe 21
22 Tarmligean agus atreorú 21
23 Aistriú 21
24 Acmhainní cúram sláinte 22
25 Trialacha cliniciúla agus taighde cliniciúil 22

**Caibidil 4: Cleachtadh** **24**

26 Cosaint agus leas leanaí 25
27 Cosaint agus leas daoine soghonta[16] 25
28 Mí-úsáid stairiúil líomhnaithe a thuairisciú 25
29 Rúndacht 25
30 Nochtadh le toiliú 26
31 Nochtadh gan toiliú 27
32 Nochtadh tar éis báis 27
33 Taifid leighis 27
34 Taifeadadh 28
35 Scrúduithe fisiciúla agus dlúthphearsanta 28
36 Leanúnachas cúraim 28
37 Dul ar scor agus cúram othar a aistriú 29
38 Othair a atreorú 29
39 Diúltú do chóireáil a chur ar fáil 30
40 Tuairiscí leighis 30
41 Deimhniú 30
42 Oideas a Ordú 30

43 Teilileigheas 31
44 Faisnéis a sholáthar don phobal agus fógraíocht 32
45 Cothú agus hiodráitiú 33
46 Cúram deireadh saoil 33
47 Atáirgeadh daonna cuidithe 34
48 Ginmhilleadh
34
49 Agóid choinsiasach 35
50 Othair a d'fhéadfadh daoine eile a chur i mbaol 35
51 Príosúnaigh a chóireáil 35
52 Srianadh 36
53 Éigeandálaí 36
54 Clárú 36
55 Faisnéis faoi áitreabh agus faoi chleachtadh 37
56 Saincheisteanna fostaíochta 37
57 Slánaíocht ghairmiúil 37
58 Sláinte agus folláine dochtúirí 37
59 Ábhair imní faoi mhí-úsáid alcóil nó drugaí ag comhghleacaí nó faoi fhadhbanna eile sláinte atá ag comhghleacaí 38
60 Gaolta a chóireáil 38
61 Radaíocht ianúcháin liachta 38
62 Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú 38
63 Dochtúirí a bhfuil ról bainistíochta acu 39

**Caibidil 5: Feidhmíocht 41**

64 Cultúr sábháilteacht othar 42
65 Ábhair imní a tharraingt anuas 42
66 Inniúlacht a chothabháil 42
67 Nochtadh oscailte agus dualgas cneastachta 43
68 Teagasc agus oiliúint 43
69 Oiliúint agus oiliúnaithe 43
70 Teagasc agus mic léinn leighis 43
71 Rochtain ar othair a cheadú do dhaltaí scoile agus do dhaoine eile 44
72 Scileanna teanga 44
73 Ábhair imní faoi chomhghleacaithe 44

**Aguisín A: Prionsabail na Reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise 45**

**Aguisín B: Rúndacht – Reachtaíocht Ábhartha 47**

**Aguisín C: Faisnéis atá le soláthar d'Othair sula dtabharfaidh siad Toiliú 49**

# Brollach

Cuid dhílis den chaidreamh idir an t-othar agus an dochtúir is ea gairmiúlacht agus baineann ríthábhacht leis maidir le sábháilteacht othar agus le cúram sláinte ar ardchaighdeán a sholáthar. Gabhann dhá chuspóir leis an 8ú heagrán seo den Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe. Soláthraítear inti treoir atá bunaithe ar phrionsabail do dhochtúirí maidir le raon leathan cásanna ar dóigh dóibh teacht aníos le linn a ngairme gairmiúla. Ina theannta sin, tugtar soiléiriú inti d'othair ar na caighdeáin chúraim ar cheart dá ndochtúir iad a chur ar fáil.

Tar éis dúinn aiseolas a iarraidh agus a fháil ó bhaill den phobal, den ghairm agus dár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta san earnáil sláinte agus gearáin a rinneadh le Comhairle na nDochtúirí Leighis le cúig bliana anuas a athbhreithniú, rinneamar ár dtreoir a athbhreithniú agus a nuashonrú chun na saincheisteanna is ábhartha a théann i bhfeidhm ar othair agus ar dhochtúirí a chur ar áireamh. Ós rud é gur foilsíodh an treoir eitice dheireanach sa bhliain 2009, léirítear sa treoir nuashonraithe cineál éabhlóideach an chleachtais leighis. Mar shampla, nuashonraíodh í ach roinnt de na hábhair is comhaimseartha imní a bhíonn ag othair agus ag baill den ghairm a chur léi; lena n-áirítear treoir maidir leis na meáin shóisialta, le comhionannas agus éagsúlacht, le dochtúirí i róil bhainistíochta agus le hoiliúint agus oiliúnaithe.


Forbairt shuntasach eile sa treoir seo is ea an treoir leathnaithe maidir le gairmiúlacht. Shainaithníomar trí 'cholún gairmiúlachta'. Is luachanna, prionsabail agus cineálacha iompair iad a mbímid ag súil leo ó gach dochtúir ón uair a théann siad isteach i scoil leighis go dtí an uair a théann siad ar scor ionas go gcuirtear an caighdeán is airde cúraim ar fáil d'othair.

Tá sé tábhachtach a lua nach cód dlí í an treoir seo; ina ionad sin, leagtar amach inti na prionsabail um chleachtas gairmiúil agus iompar gairmiúil a mbítear ag súil go leanfaidh gach dochtúir atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis iad agus go gcloífidh siad leo le leas na n-othar a dtugann siad cúram dóibh, lena leas féin agus le leas a gcomhghleacaithe. Athbhreithníodh an teanga a d'úsáideamar roimhe chun ár dtreoir a dhéanamh chomh praiticiúil agus is féidir agus chun aon débhrí fhéideartha a bhaint di ionas go mbeadh tuiscint shoiléir ag dochtúirí agus ag othair ar a bhfuilimid ag súil leis. Is é aidhm an doiciméid seo ná buntacú le treoir phraiticiúil níos mine do dhochtúirí, daoine a mbíonn dualgas orthu freisin a chinntiú go gcloítear le gach dlí agus rialachán a bhaineann lena gcleachtas.

Gabhann Comhairle na nDochtúirí Leighis buíochas le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Mura bhfuaireamar a n-ionchur luachmhar léirsteanach, ní bheimis in ann raon tuairimí chomh leathan sin a léiriú sa treoir seo. Chuige sin, ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis na comhaltaí den Choiste um Eitic agus Gairmiúlacht, leis an Meitheal Dréachtaithe Eitice, leis an gComhairle agus leis na baill foirne go léir as páirt a ghlacadh i bpróiseas a bhí chomh comhairleach agus meáite sin. Is eol dúinn ónár dtaithí féin go bhfuil gairm an dochtúra ar an ngairm is mó iontaoibh in Éirinn agus táimid ag súil le tacaíocht a thabhairt do leanúint na hiontaoibhe agus na sástachta sin ach tuilleadh soiléirithe a chur ar fáil faoi na caighdeáin lena mbuntacaítear le dea-chúram othar sa treoir seo.



An tOllamh Freddie Wood
Uachtarán



An Dr Audrey Dillon
Leasuachtarán agus
Cathaoirleach, an Coiste um Eitic agus Gairmiúlacht

1

# Caibidil 1: Cuspóir na treorach

# 1 Conas an treoir seo a úsáid

1.1. Leagtar amach sa treoir seo na prionsabail um chleachtas gairmiúil a mbítear ag súil leis go leanfaidh gach dochtúir atá cláraithe leis an gComhairle. Ba cheart duit úsáid a bhaint as do bhreithiúnas féin chun na prionsabail a chur i bhfeidhm maidir le do chleachtadh agus leis na cásanna a dtéann tú i ngleic leo, lena n-áirítear ag amanna a bhfuil cinntí cliniciúla á déanamh agat.

1.2. Is é aidhm na treorach seo ná cabhrú leat dea-bhreithiúnais a thabhairt ar na cásanna a thagann aníos i do chleachtadh. Ní cód ná sraith rialacha í lena socraítear conas ba cheart duit iompar. Chomh maith leis sin, ní dhéantar iarracht inti gach cás a bhféadfá a bheith ag dul i ngleic leo a liostú.

1.3. Tá sé mar fhreagracht ar dhochtúirí cabhrú le daoine atá tinn nó gortaithe agus le daoine a bhfuil cóireáil leighis á lorg acu, agus cúram agus cóireáil a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais a n-othar. (Féach mír 4 freisin - Comhpháirtíocht.)

Ní cóir cúram leighis a úsáid mar uirlis pholaitiúil de chuid an Stáit. Mar dhochtúir, ní mór saoirse a bheith agat breithiúnais a thabhairt ar riachtanais chliniciúla d'othar agus cóireáil chuí a chur ar fáil gan brú polaitiúil.

Mar an gcéanna, ní mór duit do scileanna cliniciúla agus do bhreithiúnas cliniciúil a chleachtadh le leas d'othar gan ligean do reiligiún, náisiúntacht, inscne, cine, eitneacht, aois, polaitíocht, grúpa socheacnamaíoch ná míchumas drochthionchar a imirt ar an gcúram nó ar an gcóireáil a chuireann tú ar fáil.

Níor cheart duit ligean d'aon leas pearsanta tionchar a imirt ar do ghníomhartha gairmiúla. Ba cheart duit bheith ar an eolas freisin maidir le d'oibleagáidí má tá agóid choinsiasach agat i gcoinne cóireáil a chur ar fáil. (Féach mír 49 freisin - Agóid choinsiasach.)

1.4. Úsáidimid an téarma 'ní mór duit' sa treoir seo i gcásanna ina bhfuil dualgas daingean ort cloí leis an bprionsabal a thagann ina dhiaidh sin. Úsáidimid an téarma 'ba cheart duit' chun cur síos a dhéanamh ar an dea- chleachtas sa chuid is mó de chásanna, agus muid ag glacadh leis go bhféadfadh nach mbeadh sé praiticiúil i gcónaí an prionsabal a leanúint nó go bhféadfadh cur chuige eile bheith cuí i gcásanna ar leith.  Ba cheart duit do bhreithiúnas féin a úsáid i gcásanna den sórt sin.

1.5. Áirítear leis an treoir naisc agus tagairtí do reachtaíocht chun cabhrú leat d'oibleagáidí dlíthiúla agus d'oibleagáidí eiticiúla araon a thuiscint. Cuirtear tagairtí don dlí san áireamh nuair is iomchuí. Mar sin féin, ní ráiteas mínitheach ar an dlí é seo agus d'fhéadfadh sé dul as dáta. Mar dhochtúir, bíonn dualgas ort eolas chun dáta a bheith agat faoi reachtaíocht, faoi fhorbairtí dlí agus faoi chásdlí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do chleachtadh.

# 2 Mí-iompar gairmiúil agus feidhmíocht ghairmiúil lag

2.1. Is é is mí-iompar gairmiúil ann ná:

2.1.1. Iompar a mheasann dochtúirí ag a bhfuil taithí agus inniúlacht agus ar a bhfuil dea-cháil a bheith náireach nó mí-ionraic; agus / nó

2.1.2. Iompar atá bainteach lena ghairm inar theip go mór ar an dochtúir lena mbaineann na caighdeáin iompair a mbítear ag súil leo ó dhochtúirí a shroicheadh de bhua neamhghnímh nó gnímh.

2.2. De réir Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, [1] is é an sainmhíniú ar fheidhmíocht ghairmiúil lag ná mainneachtain ag an gcleachtóir na caighdeáin inniúlachta a chomhlíonadh (cibé acu maidir le heolas agus oilteacht nó maidir le heolas agus oilteacht a chur i bhfeidhm nó maidir leo araon) ar féidir a bheith ag súil leo le réasún ó lia-chleachtóirí a chleachtann míochaine den chineál a chleachtann an cleachtóir.

Léirmhínigh an Chúirt Uachtarach gurb í "mainneachtain thromchúiseach" an bhrí leis sin.[2]

[1] Acht na Lia-Chleachtóirí Leighis 2007, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag https://www.medicalcouncil.ie/About-Us/Legislation/Reachtaiocht-i-nGaeilge/ACHT-NA-LIA-CHLEACHTOIRI-2007.pdf

[2] Féach Corbally -v- Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Daoine Eile [2015] IESC 9

2.3. Mar dhochtúir, ba cheart duit a bheith eolach go bhféadfaí gearáin a dhéanamh i d'aghaidh le Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.[3] Is ann do roinnt foras faoinar féidir gearáin a dhéanamh, amhail na forais seo a leanas:

- mí-iompar gairmiúil,
- feidhmíocht ghairmiúil lag, lena n-áirítear gearáin faoi iompar do-ghlactha nó faoi dhroch-chumarsáid,míchumas coirp nó meabhrach, lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí, a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chumas an dochtúra míochaine nó gné áirithe di a chleachtadh,
- mainneachtain déanamh de réir coinníll iomchuí arna fhorchur ag an gComhairle nó de réir gealltanais a tugadh don Chomhairle nó mainneachtain gníomh a comhaontaíodh leis an gComhairle roimhe sin a dhéanamh,
- sárú ar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 nó ar na rialacha nó na rialacháin a rinneadh faoi, nó
- ciontú sa Stát mar gheall ar chion ina bhfuil ceart chun giúiré ag an gcúisí, nó ciontú lasmuigh den Stát mar gheall ar chion a bheadh ina chion den sórt sin dá mba sa Stát a dhéanfaí é.

[3] Alt 57 Acht na Lia-Chleachtóirí 2007

2

# Caibidil 2: Gairmiúlacht

## 3 Trí Cholún na Gairmiúlachta – Comhpháirtíocht, Cleachtas agus Feidhmíocht

3.1 Tá dea-chleachtas gairmiúil bunaithe ar thuiscint chomhroinnte idir baill den ghairm agus den phobal ar na prionsabail agus na luachanna atá mar bhonn agus taca ag an dea-chúram. Na prionsabail agus na luachanna sin agus conas ba cheart iad a chur i bhfeidhm sa chleachtas, leagtar amach iad sa treoir seo ach úsáid a bhaint as trí cholún na gairmiúlachta, mar atá Comhpháirtíocht, Cleachtas agus Feidhmíocht, mar chreat.

## 4 Comhpháirtíocht – Bíonn dea-chúram ag brath ar dhochtúirí ag oibriú i gcomhar le hothair agus le comhghleacaithe chun aidhmeanna comhroinnte a bhaint amach, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile. Bíonn comhpháirtíocht ag brath orthu seo:

4.1. Iontaoibh: Ciallaíonn sé sin iontaoibh idir dochtúirí agus a gcuid othar, idir dochtúirí agus a gcomhghleacaithe agus idir an ghairm agus an tsochaí. Cuid dhílis de dhea-chleachtas gairmiúil é sin. Tá iontaoibh bunaithe ar ionracas agus ar mhacántacht na ndochtúirí i ngach gné dá gcleachtadh leighis. Áirítear leis sin caitheamh go cothrom le hothair agus cinntí a dhéanamh gan idirdhealú ar chóireáil a chur ar fáil nó a choimeád siar. Bíonn sí ag brath freisin ar fhírinneacht sa chumarsáid a dhéantar le hothair agus le comhghleacaithe, san obair ghairmiúil, amhail coinneáil taifead, cleachtadh a reáchtáil agus teagmhais dhíobhálacha a bhainistiú, agus i dtaighde. Ba cheart duit do dhícheall a dhéanamh iontaoibh an phobail as gairm an dochtúra a choinneáil ar bun.

4.2. Cúram atá dírithe ar an othar: Ciallaíonn cúram atá dírithe ar an othar go gcaitheann dochtúirí le hothair mar dhaoine aonair, go gcuireann siad roghanna, spriocanna agus stíleanna maireachtála na n-othar féin san áireamh, go ngníomhaíonn siad go tuisceanach agus go léiríonn siad meas ar dhínit na n-othar. Ba cheart dóibh tacú le hothair cinntí eolasacha a dhéanamh ar a sláinte agus ar a gcúram féin. Ba cheart do dhochtúirí atá freagrach as seirbhísí sláinte a bhainistiú a ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go gceaptar córais chun freastal ar leasanna othar, go háirithe othair a bhfuil roinnt riochtaí á bhfulaingt acu, othair a bhfuil soghontacht ar leith acu nó othair atá ag bogadh idir seirbhísí difriúla cúraim.

4.3. Oibriú le chéile: Is é atá i gceist leis seo éisteacht le hothair agus le comhghleacaithe agus a gcuid tuairimí, eolais, scileanna agus eispéireas a chur san áireamh. I gcásanna ina dtagann easaontas aníos, ba cheart duit iarracht a dhéanamh é a réiteach trí dhul i mbun tuilleadh plé, agus meas á léiriú ar thuairimí na gcomhghleacaithe nó na n-othar.

4.4. Dea-chumarsáid: Is cuid lárnach í seo den chaidreamh idir an dochtúir agus an t-othar agus tá sí bunriachtanach maidir le feidhmiú éifeachtach na bhfoirne cúram sláinte. Is é atá i gceist le dea-chumarsáid éisteacht le hothair agus le comhghleacaithe agus faisnéis, míniúcháin nó comhairle a thabhairt. Agus teagmháil á déanamh agat le hothair, ba cheart duit bheith ionraic agus an fhaisnéis ábhartha ar fad a thabhairt. Ba cheart duit fáilte a chur roimh cheisteanna ó othair agus freagra a thabhairt orthu ar bhealach oscailte, ionraic agus cuimsitheach.

4.5. Tathant: Ba cheart duit gníomhú mar thathantóir ar son d’othar ar dhá bhealach. Ba cheart duit labhairt thar ceann othair aonair chun a chinntiú go gcuirfear cúram sláinte cuí orthu. Anuas air sin, ba cheart duit tacú le gach othar ach dáileadh cothrom acmhainní teoranta agus rochtain chothrom ar chúram a chur chun cinn.

## 5 Cleachtas – Déanann sé seo cur síos ar an iompar agus na luachanna a thacaíonn le dea-chúram. Bíonn sé ag brath ar thús áite a thabhairt do leasanna agus d'fholláine na n-othar. Is iad seo na príomhghnéithe de dhea-chleachtas:

5.1. Bá a léiriú agus cóireáil á cur ar othair: trua, cineáltas agus tuiscint a léiriú d'othair agus dá muintir agus a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais bhunúsacha chúraim na n-othar, lena n-áirítear cothú agus hiodráitiú.

5.2. Rúndacht: Is bunriachtanas é seo maidir le hiontaoibh an othair a choinneáil ar bun agus le cur ar chumas an othair labhairt go macánta agus go cuimsitheach faoina shaol agus faoina shiomptóim.

5.3. Sábháilteacht othar a chur chun cinn: Cloí le nósanna imeachta sábháilteachta a bhfuil tionchar díreach acu ar do chleachtadh, amhail bearta rialaithe ionfhabhtuithe agus tuairisciú ar theagmhais dhíobhálacha. Éilíonn sé sin ort ábhair imní a chur in iúl má tá tú den tuairim go bhfuil othar ag fulaingt dochair nó i mbaol dochar a fhulaingt mar thoradh ar chórais nó ar theagmhais nach bhfuil smacht díreach aige orthu. Is é atá i gceist leis freisin dul i mbun gnímh chun leanaí agus daoine leochaileacha a mheasann tú a bheith i mbaol nó a d'fhulaing dochar a chosaint.

5.4. Ionracas: Ní mór don othar bheith ábalta iontaoibh a chur ina dhochtúir a bheith fírinneach macánta agus a chuid oibre a dhéanamh le leas othar, ar aon dul le luachanna gairmiúla. Ní mór do chomhghleacaithe gairmiúla agus do na daoine sin atá ag bainistiú seirbhísí bheith in ann muinín a chur ionat a bheith macánta agus gníomhú le leas na n-othar i gcónaí.

5.5. Féinchúram: Tá dochtúirí i dteideal dea-chúram agus dea-thacaíocht a fháil óna gcomhghleacaithe agus óna bhfostóirí nuair atá an tsláinte go dona acu. Mar sin féin, ba cheart dóibh a chinntiú nach ndéanann a sláinte féin dochar d'othair. Ba cheart duit comhairle neamhspleách leighis a iarraidh agus a leanúint go pras nuair atá comharthaí drochshláinte choirp nó drochshláinte mheabhrach agat. Ba cheart duit gach beart réasúnach a dhéanamh freisin chun tú féin agus do chomhghleacaithe a chosaint agus cóireáil á cur ar othair a d'fhéadfadh dul i mbun foréigin nó rioscaí eile a chruthú do shláinte nó do shábháilteacht na ndaoine atá ag tabhairt cúram dóibh.

5.6. Cleachtas a bhainistiú: Athróidh do fhreagrachtaí bainistíochta de réir do chleachtaidh. Mar sin féin, ba cheart duit a bheith cinnte go dtacaítear le dea-chúram othar leis na córais lena mbuntacaítear le do chleachtas, mar shampla taifid a choinneáil, uainchlár agus cocruithe cúraim a eagrú, dea-chúram othar a thacú. Ba cheart duit córais a fheabhsú nó ábhair imní a chur in iúl don duine cuí má tá tú den tuairim go bhfuil córais riaracháin nó córais eile ag cur as do dhea-chúram othar.

5.7. Acmhainní a úsáid: Ba cheart do gach dochtúir acmhainní a úsáid go freagrach. Ní mór duit riachtanais gach othair a bhreithniú le taobh an dualgais phríomhúil atá ort aire a thabhairt do d'othair féin. Ba cheart duit cothromaíocht a aimsiú go gníomhach idir na dualgais sin chun na torthaí is fearr is féidir a sholáthar nuair atá teorainn le hacmhainní.

5.8. D'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa teacht aníos i gcásanna ina bhfuil leasanna airgeadais ag dochtúirí nó ag dlúthbhaill teaghlaigh leo i soláthraithe sláinte nó cúraim, sa tionscal feistí leighis nó sa tionscal earraí cógaisíochta. Ba cheart duit coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do bhreithiúnas cliniciúil, nó a d'fhéadfaí a mheas go bhfuil siad ag dul i bhfeidhm ar do bhreithiúnas cliniciúil, a shainaithint agus iarracht a dhéanamh iad a sheachaint. Mura féidir leat coinbhleacht leasa a sheachaint, ba cheart duit do leas airgeadais (nó eile) a chur in iúl don othar agus do dhuine ar bith eile a bhféadfadh an cinneadh dul i bhfeidhm air.

# 6 Feidhmíocht – Déanann sí seo cur síos ar na cineálacha iompair agus ar na próisis is bonn le dea-chúram. Éilíonn sí:

6.1. **Inniúlacht:** Bíonn sí seo ag teastáil i ngach gné de chleachtas gairmiúil. Is é seo an bonn lena ndéanann gach dochtúir a ndícheall an cúram is fearr is féidir a sholáthar d'othair. Déanann dochtúirí inniúla:

- cleachtas a bhunú ar fhianaise a mhéid atá sí ar fáil;
- coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ina réimse cleachtais agus faoi threoirlínte cliniciúla maidir leis an dea-chleachtas. Bunriachtanas maidir le cúram atá cothrom le dáta agus éifeachtach a sholáthar is ea tiomantas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi fhorbairtí i do réimse cleachtais ach páirt rialta a ghlacadh i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus in oideachas, oiliúint agus forbairt eile ar bhonn foirmiúil nó neamhfhoirmiúil;
- athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a leibhéil ghníomhaíochta agus ar thorthaí ionas gur féidir leo aon réimsí deacrachta ina gcleachtas a shainaithint agus a shocrú agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh feabhsaithe cáilíochta chun seirbhísí sláinte agus cúram do gach othar a fheabhsú;
- aithint a dhéanamh ar réimsí cleachtais nár cheart dóibh tabhairt fúthu gan tuilleadh oiliúna nó maoirseachta a fháil; agus
- othair a atreorú chuig comhghleacaí má theastaíonn ó othair imscrúdú nó cóireáil lena mbaineann eolas nó scileanna nach dtagann faoina n-inniúlacht chliniciúil.


6.2. **Cleachtas machnamhach:** Baineann tábhacht le léargas ar chleachtas gairmiúil a fhorbairt maidir le caighdeáin chúraim a fheabhsú. Áirítear le cleachtas machnamhach athbhreithnithe foirmiúla trí shonraí iniúchóireachta agus toraidh. Áirítear leis freisin machnamh neamhfhoirmiúil ar conas a d'fhéadfadh luachanna pearsanta dul i bhfeidhm ar chumarsáid le hothair, le comhghleacaithe nó le daoine eile agus, sa deireadh, ar an gcúram a chuirfí ar fáil d'othair.

6.3. **Gníomhú mar eiseamláirí:** Eiseamláirí do mhic léinn leighis, d'oiliúnaithe agus do chomhghleacaithe eile iad dochtúirí. Ba cheart duit bheith eolach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag d'iompar ar dhaoine eile sa timpeallacht chliniciúil.

6.4. **Mic léinn leighis agus dochtúirí atá nua don chleachtadh a theagasc agus a chur faoi oiliúint:** Baineann ríthábhacht leis seo maidir le dea-chúram a sholáthar sa todhchaí. Ba cheart duit bheith toilteanach teagasc, oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn agus do dhochtúirí go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil.

Is iad sin na luachanna agus na prionsabail a mbímid ag súil leo ó gach dochtúir. Rachaidh a gcuid luachanna pearsanta, eiticiúla agus morálta agus a gcuid eispéireas i bhfeidhm ar dhochtúirí freisin. Baineann tábhacht leo freisin maidir le dea-chleachtas agus ba cheart do dhochtúirí machnamh a dhéanamh ar conas a bhuntacaíonn siad lena gcuid caidreamh agus cinntí, agus iad ag cinntiú nach bhfuil siad ina gcúis le neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha amach sa treoir seo.

**Figiúr 1: Trí Cholún an Dea-Chleachtais Ghairmiúil**



3

# Caibidil 3: Comhpháirtíocht

# 7 Dínit an othair

7.1 Ní mór duit caitheamh go measúil le hothair i gcónaí.

# 8 Comhionannas agus éagsúlacht

8.1 Bíonn tionchar tábhachtach ag cúlra cultúrtha agus eitneacht an othair ar a thorthaí sláinte. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh cultúr an othair a thuiscint agus freagairt dá riachtanais aonair. Níor cheart duit leithcheal a dhéanamh ar othair ná ar chomhghleacaithe ar fhoras ar bith[4].

8.2 Tá an ceart ag an othar chun go dtairgtear dó na roghanna cóireála go léir ar dóigh dó leas a bhaint astu.

# 9 Toiliú – prionsabail ghinearálta

9.1 Nuair a thugann othar toiliú, is ag déanamh rogha dheonach atá sé. Ba cheart duit cabhrú leis an othar cinntí atá eolasach agus oiriúnach dó a dhéanamh. Níor cheart duit an tuairim a thabhairt don othar nach bhfuil ina thoiliú ach foirmiúlacht nó síniú ar leathanach (féach Aguisín C).

9.2 Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil a thoiliú tugtha ag an othar sula gcuireann tú aon imscrúdú, scrúdú nó cóireáil leighis ar fáil. Éilítear toiliú leis an dlí agus is cuid bhunriachtanach í den aird ar neamhspleáchas an othair. Tá an ceart ag an othar chun cinneadh a dhéanamh ar a ndéanfar dá chorp féin. Tá an ceart aige freisin chun diúltú do chóireáil leighis a fháil agus chun toiliú a tharraingt siar (féach mír 15).

# 10 Cumas chun toiliú

10.1 Glactar leis go bhfuil an cumas ag gach othar aosach cinntí a dhéanamh ar a gcúram sláinte féin. Mar dhochtúir dóibh, bíonn dualgas ort cabhrú le do chuid othar a gcinntí féin a dhéanamh ach faisnéis a thabhairt dóibh ar bhealach soiléir sothuigthe agus a chinntiú go bhfuil cabhair agus tacaíocht oiriúnach á bhfáil acu. Tá an ceart ag an othar chun tathantóir dá rogha féin a bheith in éineacht leis le linn plé ar a riocht agus ar an gcóireáil a chuirfear air.

10.2 Aosaigh a meastar nach bhfuil an cumas acu cinneadh a dhéanamh, bíonn siad i dteideal an ómóis chéanna dá ndínit agus dá n-ionracas pearsanta a bhíonn ag duine ar bith ag a bhfuil lánchumas. Ba cheart duit a gcuid tuairimí a iarraidh agus éisteacht leo agus páirt a thabhairt dóibh i gcinntí ar a gcúram sláinte a mhéid atá siad toilteanach agus ábalta páirt a ghlacadh iontu.

10.3 D'fhéadfadh easpa cumais teacht as riocht nó míchumas atá fadtéarmach nó buan nó as tinneas nó éiglíocht atá gearrthéarmach. Meastar go bhfuil easpa cumais ag duine cinneadh a dhéanamh mura bhfuil sé in ann an fhaisnéis a theastaíonn chun an cinneadh a dhéanamh a thuiscint, a choinneáil, a úsáid nó a mheas nó mura bhfuil sé in ann a chinneadh a chur in iúl, fiú le cabhair. Ba cheart duit na nithe seo a leanas a bhreithniú agus cumas an othair á mheasúnú agat:

- an leibhéal tuisceana atá aige ar an bhfaisnéis a tugadh dó agus a chumas chun an fhaisnéis sin a choinneáil;
- a chumas chun smaoineamh ar an bhfaisnéis óna thaobh féin de agus teacht ar chinneadh; agus
- a chumas chun cinneadh a chur in iúl, le cabhair nó tacaíocht, nuair is gá.

[4] Leis an Acht um Stádas Comhionann, 2000, cosnaítear daoine ar leithcheal ar fhoras inscne, stádas pósta nó teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine agus mar gur den Lucht Siúil iad. http://www.irishstatutebook.ie/2000/en/act/pub/0008/index.html agus http://revisedacts.lawreform.ie/eli/2000/act/8/revised/en/html

10.4 Ní thugtar le fios le measúnú nach bhfuil an cumas ag othar cinneadh ar leith a dhéanamh nach bhfuil sé ábalta cinntí eile a dhéanamh ná go mbeidh sé neamhábalta an cinneadh seo nó cinntí eile a dhéanamh sa todhchaí.

10.5 Mura bhfuil cumas ag othar aosach chun cinneadh cúram sláinte a dhéanamh, ní mór duit bearta réasúnacha a dhéanamh chun a fháil amach an amhlaidh go bhfuil údarás dlíthiúil ag duine ar bith eile cinntí a dhéanamh thar ceann an othair. Más amhlaidh, ba cheart duit toiliú an duine sin a lorg i ndáil leis an gcóireáil bheartaithe.

10.6 Mura bhfuil duine ar bith ann ag a bhfuil údarás dlíthiúil cinntí a dhéanamh thar ceann an othair, is ortsa a bheidh sé leas an othair a chinneadh. Ar an dóigh sin, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar na nithe seo:

- an rogha chóireála as a mbainfeadh an t-othar an leas cliniciúil is fearr;
- mianta an othair san am atá thart agus san am i láthair, más eol;
- cé acu is dócha nó nach dócha go dtiocfaidh an cumas chun an cinneadh a dhéanamh ar ais chuig an othar;
- tuairimí daoine eile atá mór leis an othar agus a d'fhéadfadh a bheith eolach ar roghanna, ar chreidimh agus ar luachanna an othair; agus
- tuairimí gairmithe eile sláinte atá bainteach le cúram an othair.

## 11 Faisnéis d'othair

11.1 Ní mór duit go leor faisnéise a thabhairt d'othair chun iad a chumasú leas a bhaint as an gceart atá acu chun cinntí feasacha a dhéanamh maidir lena gcúram féin. Ní bailí atá toiliú murar tugadh go leor faisnéise don othar chun cinneadh a dhéanamh.

11.2 An méid faisnéise a theastaíonn ón othar sula ndéanfaidh sé cinneadh, bíonn sé éagsúil de réir roinnt tosca, lena n-áirítear:

- cineál an reachta;
- cineál an imscrúdaithe;
- castacht na cóireála;
- na rioscaí a bhaineann leis an gcóireáil nó leis an ngnáthamh (agus na rioscaí a bheidh ann mura gcuirtear cóireáil ar an othar); agus
- mianta an othair féin.

11.3 Bíonn faisnéis bhunúsach ag teastáil ón othar faoina riocht, faoin imscrúdú a dhéanfar air, faoin gcóireáil a chuirfear air agus faoi aon rioscaí atá tromchúiseach nó a tharlaíonn go minic. Is gnách a theastaíonn ón othar faisnéis níos mine faoi ghnáthaimh lena mbaineann ardriosca mainneachtana nó fo-iarsmaí díobhálacha. Chomh maith leis sin, teastaíonn ón othar faisnéis níos mine faoi imscrúdú i gcás reachta a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a imirt ar fhostaíocht, ar shaol sóisialta nó ar shaol pearsanta an othair má aimsítear go bhfuil sé ann. Féach Aguisín C freisin.

11.4 Ba cheart duit riachtanais agus tosaíochtaí aonair an othair a bhreithniú agus faisnéis á tabhairt agat. Mar shampla, d'fhéadfadh creideamh, cultúr, gairm bheatha nó tosca eile an othair tionchar a imirt ar an bhfaisnéis a theastaíonn uaidh chun teacht ar chinneadh. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh freastal ar riachtanais chumarsáide an othair, mar shampla, má tá lagú amhairc nó éisteachta ar an othar nó mura bhfuil Béarla mar chéad teanga aige

11.5 Ba cheart duit a fhiafraí den othar ar thuig nó nár thuig sé an fhaisnéis a thug tú dó, an bhfuil nó nach bhfuil aon cheisteanna aige agus an bhfuil nó nach bhfuil sé ag iarraidh tuilleadh faisnéise roimh theacht ar chinneadh dó. Ní mór duit an freagra macánta a thabhairt ar cheisteanna an othair, agus ba cheart don freagra sin a bheith chomh hiomlán agus is mian leis an othar. Ní ceadmhach duit aon fhaisnéis a theastaíonn ón othar chun cinneadh a dhéanamh a choinneáil siar seachas sa chás go ndéanfaí dochar tromchúiseach don othar dá nochtfaí an fhaisnéis. Sa chomhthéacs sin, ní chiallaíonn 'dochar tromchúiseach' go mbeadh an t-othar trína chéile ná go gcinnfeadh cóir leighis a dhiúltú.

## 12 Uainiú an phróisis toilithe

12.1 Ní teagmhas aonuaire é toiliú a thógáil. Is é atá i gceist leis ná idirphlé leantach leis an othar, agus iad á gcoinneáil ar an eolas faoi athruithe ar bith ina riocht agus faoi na cóireálacha nó faoin imscrúdú atá beartaithe.

12.2 Nuair is féidir, ba cheart duit roghanna cóireála agus na rioscaí a ghabhann leo a phlé tráth a bhfuil an cumas is fearr ag an othar an fhaisnéis a thuiscint agus a choinneáil. Ba cheart duit go leor ama a thabhairt don othar roimh an gcóireáil freisin le gur féidir leis a roghanna a bhreithniú agus teacht ar chinneadh. Níor cheart duit de ghnáth toiliú a iarraidh ó othar nuair atá sé faoi strus, támhaithe nó i bpian agus, mar sin de, níos neamhchumasaí cinneadh socair réasúnaithe a dhéanamh.

## 13 Freagracht as toiliú a iarraidh

13.1 Más tusa an dochtúir atá ag cur cóireáil ar fáil nó ag tabhairt faoi imscrúdú, is ortsa atá an dualgas a chinntiú gur thug an t-othar toiliú sula gcuireann tú cóireáil ar fáil. Ós rud é gur tusa an dochtúir cóireála, ba cheart duitse de ghnáth faisnéis a thabhairt agus toiliú an othair a iarraidh mar go bhfuil tuiscint iomlán agat ar an ngnáthamh nó ar an gcóireáil, ar an dóigh a ndéantar é/í agus ar na rioscaí atá bainteach leis/léi. Mura féidir leat déanamh amhlaidh, féadfaidh tú an próiseas ar fad nó cuid de a tharmligean chuig duine eile a bhfuil an oiliúint chuí agus na cáilíochtaí cuí faighte aige. Ní mór don duine a dtarmligeann tú an tasc chuige go leor eolais a bheith aige ar an imscrúdú nó ar an gcóireáil atá beartaithe, na rioscaí lena mbaineann a thuiscint agus bheith ábalta na saincheisteanna sin a mhíniú agus a phlé leis an othar. Má tharmligeann tú an próiseas toilithe ar fad nó cuid de, beidh tú freagrach fós as a chinntiú go bhfuil a thoiliú tugtha ag an othar.

13.2 Níor cheart duit cuid ar bith den phróiseas toilithe a tharmligean chuig intéirneach seachas sa chás go bhfuil an gnáthamh ina mhionghnáthamh a bhfuil an t-intéirneach an-eolach air agus gur mhínigh maoirseoir leighis an intéirnigh an fhaisnéis ábhartha faoin ngnáthamh go soiléir dó.

## 14 Cásanna éigeandála

14.1 I gcás éigeandála nach féidir toiliú a fháil ann, ba cheart duit cóireáil leighis a chur ar fáil do dhuine ar bith a dteastaíonn uaidh í, ar choinníoll go bhfuil an chóireáil teoranta don chóireáil sin a bhfuil gá práinneach léi chun beatha duine a shábháil nó meath suntasach i sláinte an othair a sheachaint.

## 15 Diúltú do chóireáil a fháil

15.1 Tá gach aosach ag a bhfuil cumas i dteideal cóireáil leighis a dhiúltú agus toiliú a tharraingt siar. Ní mór duit aird a thabhairt ar chinneadh an othair cóireáil a dhiúltú nó toiliú a tharraingt siar, fiú sa chás nach n-aontaíonn tú leis an gcinneadh sin. Sna cásanna sin, ba cheart duit na hiarmhairtí féideartha a bhainfeadh le cóir leighis a dhiúltú a mhíniú go soiléir don othar agus, nuair is féidir, tuairim leighis dochtúra eile a thairiscint don othar.

15.2 Ba cheart duit do phlé leis an othar, an fhaisnéis a thug tú agus diúltú an othair do chóireáil a fháil a thaifeadadh i nótaí leighis an othair.

15.3 Má tá ábhair amhrais nó imní agat faoi chumas an othair chun cóireáil a dhiúltú, ba cheart duit an treoir i mír 10 a leanúint agus comhairle dlí a iarraidh.

## 16 Réamhphlean cúram sláinte nó réamhthreoir cúram sláinte

16.1 In amanna, is mian le hothair pleananna a dhéanamh le haghaidh a gcóireála leighis, ar pleananna iad a thiocfaidh in éifeacht i gcás caillteanas cumais sa todhchaí. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na pleananna réamhdhiúltaithe do chóireáil leighis a fháil nó iarrataí ar ghnáthaimh ar leith. Ba cheart duit do dhícheall a dhéanamh cabhair agus tacaíocht a thabhairt d'othair a iarrann do chúnamh agus réamhphlean cúram sláinte á dhréachtú. Ba cheart duit a fhiafraí d'othair a bhfuil riochtaí fadtéarmacha orthu nó riochtaí ar dóigh dóibh a bheith ina gcúis lena mbás nó lena n-éagumas meabhrach cuíosach luath amach anseo an ndearna siad réamhphlean cúram sláinte nó réamhthreoir cúram sláinte nó nach ndearna. Sa chás gur chaill an t-othar an cumas chun cinneadh a dhéanamh, ba cheart duit gach beart réasúnach a dhéanamh chun a fháil amach an ndearna sé réamhphlean cúram sláinte nó réamhthreoir cúram sláinte nó nach ndearna.

16.2 Is ionann stádas an réamhphlean cúram sláinte nó na réamhthreorach cúram sláinte agus cinneadh a dhéanann an t-othar tráth iarbhír an tinnis agus ba cheart é/í a leanúint ar choinníoll:

- gur rogha eolasach a bhí san iarraidh nó sa diúltú, ar aon dul leis na prionsabail i mír 9;
- go gclúdaíonn an cinneadh an cás a tháinig aníos; agus
- nach bhfuil aon rud ann a léiríonn gur athraigh an t-othar a intinn.

16.3 Ní bhíonn dualgas ort cóireáil a chur ar fáil nach bhfuil léirithe go cliniciúil le haghaidh othair ar leith.

16.4 Má tá imní ort faoi réamhphlean cúram sláinte nó faoi réamhthreoir cúram sláinte, mar shampla de bharr ceisteanna faoi chumas an othair tráth a ndearnadh an plean, nó mura bhfuil tú cinnte faoi cé acu atá nó nach bhfuil feidhm aige/aici maidir leis na cúinsí reatha, ba cheart duit cinntí cóireála a dhéanamh le leas is fearr an othair. Agus cinneadh den sórt sin á dhéanamh agat, ba cheart duit dul i gcomhairle le duine ar bith ag a bhfuil údarás dlíthiúil cinntí a dhéanamh thar ceann an othair, leis an bhfoireann cúram sláinte agus le teaghlach an othair, más féidir.

## 17 Toiliú le tástáil ghéiniteach

17.1 Is féidir le tástáil ghéiniteach cabhrú le tinneas a dhiagnóisiú nó cabhrú le forbairt tinnis ar leith sa todhchaí a réamh-mheas. Ní mór comhairleoireacht a chur ar fáil don othar faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag tástáil ghéiniteach sula n-iarrann tú a thoiliú.[5]

## 18 Leanaí agus daoine óga

18.1 Is é an príomhdhualgas a bhíonn ort agus cóireáil á cur agat ar leanaí agus ar dhaoine óga ná gníomhú lena leas is fearr. Ba cheart duit an ról is mó is féidir a thabhairt dóibh i bplé ar a gcúram sláinte, faisnéis atá oiriúnach dá n-aois a thabhairt dóibh, éisteacht lena gcuid tuairimí agus caitheamh go measúil leo.

18.2 De réir an dlí, tá othair atá 16 bliana d'aois agus níos sine i dteideal toiliú a thabhairt maidir le cóireáil mháinliachta, liachta nó déidliachta.[6] Tá othair atá os cionn 18 mbliana d'aois i dteideal toiliú le cóireáil shíciatrach,[7] le deonú orgáin nó fíocháin nó le páirt a ghlacadh i dtaighde leighis. Is éiginnte atá an dlí a bhaineann le diúltú daoine óga atá 16 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois do chóireáil a fháil agus iad ag gníomhú in aghaidh comhairle leighis agus mhianta a dtuismitheoirí. Má thagann an cás sin aníos, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar chomhairle dlí a fháil sula ngníomhaíonn tú ar an gcinneadh.

---

[5] An tAcht um Míchumas 2005, Cuid 4 www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2005/a1405.pdf

[6] Folaíonn 'cóireáil mháinliachta, liachta nó déidliachta' aon bheart a dhéantar chun críoch fáthmheasa, lena n-áirítear, go háirithe, ainéistéiseach a fhriotháil atá coimhdeach le haon chóireáil. An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, alt 23. www.acts.ie/ga.act.1997.0026.1.html

[7] An tAcht Meabhair-Shláinte 2001 http://www.irishstatutebook.ie/2001/en/act/pub/0025/

18.3 Sa chás go bhfuil an t-othar faoi bhun 16 bliana d'aois, iarrtar ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí nó ar an gcaomhnóir/na caomhnóirí de ghnáth a thoiliú/dtoiliú leis an gcóireáil leighis a thabhairt thar ceann an othair.

18.4 Sa chás gur mian le hothar faoi bhun 16 bliana d'aois cinneadh cúram sláinte a dhéanamh gan eolas ná toiliú a thuismitheora/thuismitheoirí nó a chaomhnóra/chaomhnóirí, ba cheart duit moladh dó iarraidh ar a thuismitheoir(í) nó ar a chaomhnóir(í) a bheith páirteach sa chinneadh.

18.5 Sa chás go ndiúltaíonn duine óg[8] d'iarraidh ar thuismitheoir/chaomhnóir a bheith páirteach ann, ba cheart duit cearta agus leasanna is fearr an duine óig a bhreithniú, agus na nithe seo á gcur san áireamh agat:

- aibíocht an duine óig agus an cumas atá aige chun an fhaisnéis atá ábhartha don chinneadh agus a iarmhairtí féideartha a thuiscint;
- cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil tuairimí an duine óig seasmhach agus go léiríonn siad a bhunluachanna agus a bhuntuairimí;
- cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil sláinte choirp nó sláinte mheabhrach an duine óig nó aon tosca eile ag dul i bhfeidhm ar an gcumas atá aige breithiúnas neamhspleách a úsáid;
- cineál, cuspóir agus úsáideacht na cóireála nó na hidirghabhála cúraim shóisialta;
- na rioscaí agus na sochair atá bainteach leis an gcóireáil nó leis an idirghabháil chúraim shóisialta; agus
- aon chúrsaí sonracha eile leasa, cosanta nó sláinte poiblí a chlúdaítear le treoir agus prótacail ábhartha amhail Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2015 [9] agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017 (nó aon doiciméad ionaid coibhéiseach).[10] Nuair is amhlaidh sin, ní mór an treoir nó na prótacail ábhartha a leanúint.

18.6 Ba cheart an measúnú aibíochta sin a dhéanamh le haghaidh gach duine óig faoi bhun 16 bliana d'aois, lena n-áirítear iad siúd ar diagnóisíodh go bhfuil míchumas intleachta orthu.

18.7 Ba cheart duit cóireáil a chur ar fáil do dhuine óg gan eolas a thabhairt dá thuismitheoir(í) nó dá chaomhnóir(í) más rud é go measann tú, tar éis duit na tosca i mír 18.5 a bhreithniú, go bhfuil sé le leas is fearr an othair déanamh amhlaidh agus go bhfuil go leor aibíochta agus tuisceana ag an othar le haghaidh an cinneadh a dhéanamh.

18.8 Tá an ceart ag leanaí agus daoine óga chun cóireáil leighis rúnda a fháil, mar atá leagtha amach i mír 29. Mar sin féin, tá ceart dlíthiúil ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí freisin chun rochtain a fháil ar thaifid leighis a gcuid leanaí go dtí go bhfuil siad 18 mbliana d'aois.[11] Ba cheart duit a chur in iúl do leanaí agus do dhaoine óga nach féidir leat dearg-ghealltanas rúndachta a thabhairt.

---

[8] Meastar "duine óg" de ghnáth a bheith ina dhuine faoi bhun na haoise toilithe, is é sin; 16 mbliana d'aois. Féach freisin Beartas Náisiúnta Toilithe FSS:
http://www.hse.ie/eng/about/Who/qualityandpatientsafety/National_Consent_Policy/National%20Consent%20PolicyMay14.pdf

[9] An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, alt 37(8) http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/30/section/37/enacted/en/html#sec37

[10] Féach Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017 le haghaidh tuilleadh eolais.
https://www.dcya.gov.ie/documents/publications/20171002ChildrenFirst2017.pdf

[11] An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, alt 37(8) http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/30/section/37/enacted/en/html#sec37

## 19 Caidreamh pearsanta le hothair

19.1 Ba cheart d'othair a iarrann cabhair leighis uait bheith cinnte nach bhfuil baint agat ach le cúram, comhairle agus cóireáil a thabhairt agus nach mbainfidh tú úsáid as do cháil le do leas pearsanta féin.

19.2 Ba cheart duit a chinntiú go gcoimeádann tú caidreamh gairmiúil ar bun le hothair, agus meas á léiriú agat ar a bpríobháideacht agus ar a ndínit. Ní ceadmhach duit do cháil ghairmiúil a úsáid chun caidreamh de chineál gnéasach, mothúchánach míchuí nó dúshaothraithe a chruthú le hothar, lena pháirtí nó le garghaol le hothar.

## 20 Na meáin shóisialta a úsáid

20.1 Leis na meáin shóisialta[12], tugtar bealaí nua do dhochtúirí cumarsáid a dhéanamh le hothair, le comhghleacaithe agus leis an bpobal. Má úsáideann tú na meáin shóisialta, ba cheart duit coinneáil a dhéanamh fós ar na caighdeáin ghairmiúla a mbítear ag súil leo i gcineálacha eile cumarsáide.

20.2 Ba cheart duit smaoineamh i gcónaí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chomhghleacaithe, ar othair nó ar thuairimí an phobail i leith na gairme sula bhfoilsíonn tú ráitis ar shuíomhanna meán sóisialta. Ba cheart duit caitheamh go measúil le hothair agus le comhghleacaithe ag

20.3 us ráitis atá maslach, neamh-inbhuanaithe nó mailíseach a sheachaint. Ba cheart duit a chinntiú nach bhfuil do chuid ráiteas clúmhillteach ná ina sárú dlí ar shlí eile.

20.4 Ba cheart duit an úsáid phearsanta agus an úsáid ghairmiúil a bhaineann tú as na meáin shóisialta a choinneáil scartha óna chéile agus, a mhéid is féidir, gan cumarsáid a dhéanamh le hothair trí shuíomhanna pearsanta líonraithe shóisialta.

20.5 Ní féidir le suíomhanna meán sóisialta rúndacht a chinntiú, beag beann ar na socruithe príobháideachta a úsáidtear. Ní ceadmhach duit faisnéis faoi othair aonair ná íomhánna díobh óna bhféadfaí na hothair sin a aithint a fhoilsiú ar ardáin atá ar fáil don phobal. Ba cheart duit gan d'othar a phlé ná ráiteas a thabhairt orthu ar ardáin mheán sóisialta. Tá tuilleadh comhairle faoi rúndacht a choinneáil agus íomhánna d'othair a úsáid ar fáil i mír 34.

20.6 Bealach úsáideach le haghaidh eispéiris agus cás-staidéir a chomhroinnt, sainghrúpaí nó grúpaí foghlama a chur ar bun agus comhairle nó cabhair a fháil is ea líonraí gairmiúla dúnta. Agus líonraí gairmiúla á n-úsáid agat, níor cheart duit, a mhéid is féidir, faisnéis a thabhairt óna bhféadfaí othair a aithint. Ba cheart duit bearta réasúnacha a dhéanamh freisin chun a chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtacha slándála agus beartais éifeachtacha phríobháideacha i bhfeidhm ag an líonra atá tú ag úsáid chun an riosca go gcuirfí faisnéis faoi othair ar fáil ar bhonn níos leithne a íoslaghdú.

20.7 Ba cheart duit tú féin a chur in áirithe i gcónaí ach d'ainm a thabhairt má thugann tú comhairle chliniciúil ar líne.

20.8 D'fhéadfadh go mbeadh othair agus comhghleacaithe gairmiúla ag brath ar an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil ar líne. Ní mór duit gach beart réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú gur cruinn bailí atá aon fhaisnéis nó aon chomhairle a thugann tú. Ba cheart faisnéis faoi do chleachtadh nó faoi na seirbhísí a chuireann tú ar fáil a bheith fíorasach infhíoraithe. Níor cheart duit aon mhaíomh neamh-inbhuanaithe a dhéanamh maidir lena éifeachtaí atá cóireálacha ná dúshaothrú a dhéanamh ar shoghontacht othair nó ar an easpa eolais leighis atá acu.

20.9 Is fút féin atá sé cinneadh a dhéanamh ar cé acu a úsáidfidh tú na meáin shóisialta i do shaol príobháideach nó nach n-úsáidfidh agus ar an dóigh a n-úsáidfidh tú iad. Mar sin féin, cé go gcumasaítear le socruithe ar lear ardán nach gcomhroinnfear faisnéis ach le grúpa dúnta cairde nó ball teaghlaigh, ní féidir an phríobháideacht sin a chinntiú. Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go gcomhroinnfear faisnéis ar bhonn níos leithne ná a bheartaigh tú, ba cheart duit socruithe teoranta

[12] http://www.wma.net/en/30publications/10policies/b3/

príobháideachta a úsáid go hiondúil le haghaidh do mheán sóisialta pearsanta. Sula bpostálann tú, ba cheart duit a bhreithniú cén tuairim a d'fhéadfadh a bheith ag othair nó ag an bpobal faoi fhaisnéis nó faoi íomhánna a phostálann tú dá gcuirfí ar fáil í/iad ar bhonn níos leithne.

## 21 Caidreamh idir comhghleacaithe

21.1 Tá dualgas ort caitheamh go measúil le gach ball foirne san ionad oibre, mic léinn ar áireamh. Ná déan aon chineál ciaptha ghnéasaigh agus bulaíochta agus ná bain an bonn ó chomhghleacaithe, go háirithe nuair is i gcáil údaráis nó iontaoibhe atá tú, mar shampla, más maoirseoir nó oiliúnaí thú, nó má tá freagracht dhíreach bhainistíochta ort as comhghleacaí.

21.2 Sula dtéann siad isteach i gcaidreamh gnéasach, ba cheart do mhaoirseoirí agus dá gcuid oiliúnaithe breithniú a dhéanamh ar an éagothroime chumhachta sa chaidreamh agus ar an bhféidearthacht go dtiocfadh dúshaothrú nó coinbhleachtaí leasa aníos. Ba cheart dóibh a bhreithniú freisin cén tuairim a d'fhéadfadh a bheith ag oiliúnaithe eile faoin gcaidreamh agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tosca sin ar an oiliúnaí amach anseo.

21.3 Faoi réir mhír 73 den treoir seo, ba cheart duit tacaíocht ghairmiúil a thabhairt do chomhghleacaithe, lena n-áirítear mic léinn leighis, comhghleacaithe sóisearacha agus dochtúirí ag a bhfuil níos lú taithí. Níor cheart duit iarraidh ar chomhghleacaithe sóisearacha tascanna a dhéanamh nach bhfuil siad lán-inniúil iontu, seachas má tá siad le déanamh faoi mhaoirseacht dhíreach comhghleacaithe sinsearacha. Más dochtúir sóisearach thú, ba cheart duit dul i gcomhairle le do chomhghleacaithe sinsearacha go pras más cúis imní é riocht othair. Más dochtúir sinsearach thú, ba cheart duit do chomhghleacaithe sóisearacha a spreagadh déanamh amhlaidh.

21.4 Sa chás go dtagann díospóidí idir comhghleacaithe aníos, ba cheart iad a réiteach a luaithe is féidir. Níor cheart ligean do na díospóidí sin dul i bhfeidhm ar chúram othar. Níl sé cuí dímheas a léiriú ar chomhghleacaí agus ba cheart é a sheachaint. Níor cheart duit dochar a dhéanamh d'aon turas do chleachtas do chomhghleacaithe.

## 22 Tarmligean agus atreorú

22.1 Is é atá i gceist le 'tarmligean' ná iarraidh ar ghairmí eile cúram sláinte cúram a chur ar fáil thar do cheann.

22.2 Is é atá i gceist le 'atreorú' ná othar a chur chuig dochtúir eile nó chuig gairmí eile cúram sláinte chun tuairim nó cóireáil a fháil. Is é a bhíonn i gceist le hatreorú de ghnáth ná freagracht as cúram an othair a aistriú (go páirteach) ar feadh tréimhse shocraithe ama agus chun críche ar leith go hiondúil, amhail cúram atá lasmuigh de do réimse saineolais.

22.3 Nuair a tharmligeann tú nó a atreoraíonn tú, ní mór duit go leor faisnéise faoin othar agus faoina chóireáil a thabhairt do na cliniceoirí atá ag leanúint le cúram an othair. Ba cheart duit bearta réasúnacha a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí, an taithí, an t-eolas agus na scileanna is gá chun an cúram a theastaíonn a thabhairt ag an duine a dtarmligeann tú an cúram chuige nó a n-atreoraíonn tú an t-othar chuige (féach mír 49 freisin - Agóid choinsiasach).

## 23 Aistriú

23.1 Is é is aistriú ann ná aistriú na freagrachta gairmiúla agus na cuntasachta gairmiúla as roinnt gnéithe, nó as gach gné, den chúram a thugtar d'othar nó do ghrúpa othar, chuig duine eile nó chuig grúpa gairmiúil eile ar bhonn sealadach nó ar bhonn buan. Aistríonn tú cúram nuair a athraíonn tú seal, nuair a atreoraíonn tú othar chuig cúram tánaisteach nó chuig gairmithe eile sláinte nó nuair a théann an t-othar ar ais chuig cúram a lia-chleachtóra ghinearálta. D'fhéadfadh aistrithe tarlú idir foirne agus/nó idir daoine aonair.

23.2 Nuair a aistríonn tú cúram d'othar chuig gairmí eile cúram sláinte, chuig foireann eile cúram sláinte

agus/nó chuig foras eile cúram sláinte, ba cheart duit a sheiceáil go dtuigeann sé/sí freagracht as cúram an othair agus go nglacann sé/sí léi. Ba cheart duit an fhaisnéis ábhartha ar fad faoin othar agus faoi chúram an othair a thabhairt ar aghaidh. Ba cheart duit an fhaisnéis ábhartha ar fad a thabhairt go pras agus tú ag scaoileadh othar ar ais go cúram príomhúil.

## 24 Acmhainní cúram sláinte

24.1 Is é an dualgas a bhíonn ort gníomhú le leas is fearr an othair agus bíonn freagracht ort dul i mbun teagmhála agus tathanta leis na húdaráis ábhartha chun an soláthar acmhainní agus saoráidí oiriúnacha cúram sláinte a chur chun cinn. Má oibríonn tú i saoráid nach bhfuil oiriúnach d'othair ná don chóireáil a chuirtear ar fáil, beidh dualgas ort dul i mbun tathanta thar ceann d'othar ar son saoráidí níos fearr.

24.2 Bíonn dualgas ort cur le húsáid éifeachtúil éifeachtach na n-acmhainní cúram sláinte agus comhairle faoina leithdháileadh cuí a thabhairt. Ba cheart duit cothromaíocht a aimsiú idir an dualgas a bhíonn ort do dhícheall a dhéanamh ar son gach othair aonair agus an gá níos leithne le hacmhainní teoranta cúram sláinte a úsáid go héifeachtúil agus go freagrach. Ba cheart an tuiscint sin eolas a dhéanamh do chinnteoireacht i do chleachtadh cliniciúil.

## 25 Trialacha cliniciúla agus taighde cliniciúil

25.1 Má tá baint agat le cineál taighde leighis ar bith, beidh dualgas ort a chinntiú go gcloífear leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus an taighde á dhéanamh.

25.2 Ní mór duit a chinntiú go háirithe go dtabharfar eolas iomlán do gach rannpháirtí sa taighde faoi na gnéithe go léir den staidéar agus go dtuigfidh siad cineál na hidirghabhála nó na cóireála atá beartaithe, go háirithe sa chás go bhféadfadh nach mbainfeadh siad leas as an idirghabháil, mar shampla, má fhaigheann siad placebo.

25.3 Ní mór duit a chinntiú gur thug othair a dtoiliú go deonach. Má tá tú ar lia cóireála an othair, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar iarraidh ar dhuine éigin eile a bhfuil baint aige leis an taighde toiliú a fháil ón othar. Má dhiúltaíonn othar do pháirt a ghlacadh sa taighde, is gá nach n-imreoidh sé sin tionchar ar bith ar an gcúram a thabharfaidh tú ar fáil don othar.

25.4 Ní mór duit cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus ba cheart duit bheith eolach ar na treoirlínte arna bhfoilsiú ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i dtaca le taighde leighis (féach mír 29 freisin – Rúndacht).[13]

25.5 Ní ceadmhach duit a mhaíomh gur leatsa aon saothar nár scríobh tú ná nár chuir tú leis. Bíonn freagracht ort as a chinntiú gur cruinn atá foilseachán ar bith a bhfuil baint agat leis.

25.6 Sa chás go bhfaigheann tú íocaíocht dhíreach nó indíreach ó chuideachtaí nó eagraíochtaí a dhíolann earraí cógaisíochta, feistí leighis nó earraí tráchtála eile as taighde leighis, ní mór duit aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh teacht aníos a phlé agus an íocaíocht a nochtadh i ndoiciméad ar bith ina bhfoilsítear torthaí taighde.

25.7 Sa chás go bhfaigheann tú íocaíocht dhíreach nó indíreach ó chuideachtaí nó eagraíochtaí a dhíolann earraí cógaisíochta, feistí leighis nó earraí tráchtála eile as taighde leighis a dhéanamh, ní mór duit a chinntiú nach dtéann an íocaíocht i bhfeidhm ar dhearadh do staidéir ná ar do léirmhíniú ar shonraí taighde. Ba cheart duit an treoir a leagtar amach in mír 62 maidir le coinbhleachtaí leasa a leanúint freisin.

[13] Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2011)
http://www.dcya.gov.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/Publications/Children_First_Report_IRISH_LR.pdf
agus an Bille um Thús Áite do Leanaí 2014 http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/bills/2014/3014/b3014d.pdf

25.8 Má ghníomhaíonn tú mar imscrúdaitheoir i dtriail chliniciúil nó i gcineál taighde leighis ar bith, ní mór duit iarraidh ar cheadú a chur isteach agus an ceadú a fháil ón gcoiste ábhartha eitice taighde sula gcuirtear tús leis an taighde. Ní mór duit a chinntiú go bhfuil an triail ag comhlíonadh Dhearbhú Heilsincí[14] agus aon reachtaíochta náisiúnta ábhartha.

Siar go Leathanach an Chláir Ábhair

[14] Féach freisin http://www.hse.ie/eng/services/publications/corporate/personsatriskofabuse.

4

## Caibidil 4: Cleachtadh

## 26 Cosaint agus leas leanaí

26.1 Ní mór duit bheith eolach ar na treoirlínte náisiúnta agus ar an reachtaíocht náisiúnta um chosaint leanaí agus cloí leo. Luaitear iontu go mbaineann ríthábhacht le leas an linbh.[15]

26.2 Más rud é go gcreideann tú go bhfuil dochar á dhéanamh do leanbh, go ndearnadh dochar do leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol dochair de bharr mí-úsáid ghnéasach, fhisiciúil nó mhothúchánach nó de bharr faillí nó go bhfuil cúis réasúnach agat le hamhras a bheith ort gurb amhlaidh atá, ní mór duit é sin a thuairisciú do na húdaráis chuí agus / nó don ghníomhaireacht ábhartha gan mhoill. Ba cheart duit a chur in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí an linbh go bhfuil sé beartaithe agat d'ábhair imní a thuairisciú, agus aird á tabhairt ar an bhfíric go bhféadfadh sé sin thú nó an t-othar a chur i mbaol. Is sárú rúndachta a bhfuil cúis mhaith leis é faisnéis ábhartha a thabhairt d'údaráis chuí nó do chomhlacht reachtúil ar mhaithe le leanbh a chosaint, ar choinníoll go leanann tú an treoir i mír 31.3.

## 27 Cosaint agus leas daoine soghonta[16]

27.1 Is é is duine soghonta ann ná duine atá faoi mhíchumas coirp, intleachta nó meabhrach agus nach bhfuil ábalta maireachtáil go neamhspleách.

27.2 Ba cheart duit bheith san airdeall ar an bhféidearthacht a bhaineann le mí-úsáid daoine soghonta agus fógra a thabhairt do na húdaráis chuí má tá ábhair imní agat. Is sárú rúndachta a bhfuil cúis mhaith leis é faisnéis ábhartha a thabhairt do na húdaráis chuí ar mhaithe le daoine eile a chosaint ar dhochar tromchúiseach, ar choinníoll go leanann tú an treoir i mír 31.3. Ba cheart duit gach iarracht a dhéanamh páirt a thabhairt do dhaoine soghonta i gcinntí ar a gcúram. Níor cheart duit glacadh leis go bhfuil an cumas acu toiliú (féach mír 10 freisin).

## 28 Mí-úsáid stairiúil líomhnaithe a thuairisciú

28.1 Sa chás go nochtann othair aosacha mí-úsáid stairiúil, ní mór duit an riosca reatha don othar leat nó d'aon leanbh nó aosach a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an mí-úsáideoir líomhnaithe a mheasúnú. Má mheasann tú go bhfuil duine ar bith i mbaol, ba cheart duit é sin a thuairisciú do na húdaráis chuí, agus is fearr go bhfaighfí toiliú an othair ar dtús.

28.2 Más bainisteoir thú, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil tú inniúil agus oilte i gcomhlíonadh a dhéanamh ar aon fhreagrachtaí atá mar chuid de do ról i dtaca le mí-úsáid líomhnaithe a thuairisciú.

## 29 Rúndacht

29.1 Cuid lárnach den iontaoibh idir tú agus d'othair is ea rúndacht agus is gné thábhachtach í den chaidreamh idir an dochtúir agus an t-othar. Mar sin féin, tá sé tábhachtach freisin faisnéis a chomhroinnt i gcásanna cuí ar mhaithe le cúram an othair agus le sábháilteacht an othair agus daoine eile (féach mír 7.1 freisin - Dínit an Othair, agus ailt 30 agus 31 thíos maidir le Nochtadh le toiliú agus Nochtadh gan toiliú).

29.2 Ba cheart duit príobháideacht d'othar a chosaint ach taifid agus faisnéis eile faoi othair a choinneáil sábháilte. Ba cheart duit bheith san airdeall agus gan taifid agus faisnéis a nochtadh de thaisme.

29.3 Sula ndéanann tú comhroinnt nó nochtadh ar aon fhaisnéis faoi othair lena bhféadfaí iad a aithint, ní mór duit na prionsabail Saoráil Faisnéise a chur san áireamh (féach Aguisín A agus B). Ní mór duit cuspóir an nochta a chur in iúl go soiléir agus a lua go bhfuil toiliú an othair nó bonn dlíthiúil eile agat le faisnéis a nochtadh. Ní mór duit a bheith deimhin de:

[15] Is é atá i gceist le tabhairt sonraí faoi ainm bréige ná go dtógtar na réimsí is so-aitheanta sa tacar sonraí agus ionadaítear iad le haitheantóirí bréagacha, nó ainmneacha bréige mar a thugtar orthu. Mar shampla, ionadaítear ainm le huimhir uathúil. Is é an cuspóir atá leis ná an taifead sonraí a dhéanamh níos do-aitheanta agus, dá bhrí sin, ábhair imní a laghdú maidir le comhroinnt sonraí agus coinneáil sonraí. Foinse: http://www.pseudonymised.com/ (arna rochtain an 19/01/2016)

[16] Treoirlínte Cosaint Sonraí maidir le taighde san Earnáil Sláinte https://www.dataprotection.ie/documents/guidance/Health_research.pdf

- gur bhreithnigh tú faisnéis anaithnid (faisnéis nach n-aithnítear an t-othar inti) a úsáid agus go bhfuil tú cinnte gur gá faisnéis inaitheanta a úsáid;
- go bhfuil tú ag nochtadh an méid is lú faisnéise is féidir don líon is lú daoine is féidir; agus
- gurb eol don duine nó do na daoine a bhfuil tú ag nochtadh na faisnéise dó/dóibh gur faisnéis rúnda í agus go bhfuil dualgas air/orthu í a choinneáil rúnda.

## 30 Nochtadh le toiliú

30.1 Sa chás go bhfuil othar in ann a chinntí féin a dhéanamh ar a chúram sláinte, ní mór duit a thoiliú a fháil sula dtugann tú faisnéis lena n-aithnítear é:

- do ghaolta agus do dhlúthchairde leis an othar. Cé go bhfuil sé intuigthe go bhfuil imní ar ghaolta agus ar dhlúthchairde leis an othar, ní ceadmhach duit faisnéis a nochtadh dóibh gan toiliú an othair a fháil. Mura dtugann an t-othar toiliú, ba cheart duit aird a thabhairt ar a chinneadh, seachas sa chás go gcuirfeadh an t-othar nó daoine eile i mbaol dochar tromchúiseach mura nochtfaí faisnéis;
- le haghaidh taighde. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé bheith féideartha sonraí códaithe (sonraí faoi ainm bréige)[17] a thabhairt, rud is féidir leat a nochtadh gan toiliú follasach a fháil. D'fhoilsigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí treoir maidir le sonraí sláinte a úsáid i dtaighde; [18]
- do chláir ghalar (gan an Chlárlann Náisiúnta Ailse a áireamh).

30.2 Mura bhfuil cumas ag an othar toiliú a thabhairt agus mura dócha go bhfaighidh sé cumas ar ais sa todhchaí, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar nochtadh a dhéanamh más le leas is fearr an othair é (féach mír 31.3).

30.3 Tuigeann an chuid is mó de dhaoine nach mór faisnéis a chomhroinnt san fhoireann cúram sláinte agus i measc na mball foirne tacaíochta chun cúram sábháilte éifeachtach a chur ar fáil agus glacann siad leis sin. Más gá faisnéis an othair a nochtadh mar chuid dá chúram agus dá chóireáil, ba cheart duit an fhaisnéis a nochtadh do dhuine cuí agus a chinntiú go dtuigeann sé gur faisnéis rúnda í an fhaisnéis. Ba cheart duit a mhíniú don othar go bhfuil an fhaisnéis á comhroinnt lena leas féin agus a chur in iúl dó cé leis a bhfuil an fhaisnéis á comhroinnt. Má chuireann an t-othar i gcoinne an aistrithe faisnéise a mheasann tú a bheith ina riachtanas le haghaidh cúram sábháilte a chur ar fáil, ba cheart duit a mhíniú dó nach féidir leat é a atreorú ná a chóireáil a eagrú gan an fhaisnéis sin a nochtadh.

30.4 Tá iniúchadh cliniciúil, dearbhú cáilíochta, oideachas agus oiliúint ina riachtanas chun cúram sláinte sábháilte éifeachtach a chur ar fáil san am i láthair agus san am atá le teacht. Nuair is féidir, ba cheart an fhaisnéis a bheith anaithnid nó códaithe sula nochtar í do dhuine ar bith lasmuigh den fhoireann cúram sláinte. Nuair nach féidir déanamh amhlaidh, ní mór duit a chinntiú go dtugtar eolas don othar faoin nochtadh agus go dtugtar deis dó cur ina aghaidh. Ní mór duit aird a thabhairt ar mhianta an othair.

[17] An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012 http://www.oireachtas.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/bills28/acts/2012/a2412i.pdf

[18] An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/30/enacted/en/pdf

## 31 Nochtadh gan toiliú

31.1 Nuair a nochtann tú faisnéis mar a cheanglaítear leis an dlí nó le leas an phobail, ba cheart duit eolas a thabhairt don othar faoin nochtadh, seachas sa chás go ndéanfadh sé sin dochar tromchúiseach dó nó go mbainfeadh sé an bonn ó chuspóir an nochta.

31.2 **Nochtadh a cheanglaítear leis an dlí**

Ní mór duit faisnéis a nochtadh nuair a cheanglaítear é leis an dlí. Mar shampla:

- nuair a ordaíonn breitheamh i gcúirt dlí nó binse nó comhlacht arna bhunú ag Acht de chuid an Oireachtais duit déanamh amhlaidh;
- nuair a cheanglaítear ort déanamh amhlaidh le rialacháin um ghalair aicídeacha;
- nuair is eol duit nó nuair atá foras réasúnach agat a chreidiúint go ndearnadh coir lenar bhain ionsaí gnéasach nó foréigean eile in aghaidh linbh nó duine soghonta eile.[19]

31.3 **Nochtadh le leas an phobail**

Féadfar nochtadh le leas an phobail a dhéanamh chun an t-othar, daoine inaitheanta eile nó an pobal leathan a chosaint. Sula ndéanann tú nochtadh le leas an phobail, ní mór duit thú féin a shásamh gur mó na buntáistí ar dóigh dóibh teacht aníos don othar nó do dhaoine eile ná an dochar féideartha a d'fhéadfadh an nochtadh a dhéanamh don othar. Ba cheart duit an fhaisnéis a nochtadh do dhuine cuí nó d'údarás cuí agus níor cheart duit ach an fhaisnéis a theastaíonn chun an cuspóir a chomhlíonadh a chur ar áireamh.

## 32 Nochtadh tar éis báis

32.1 Tá faisnéis faoi othair ina faisnéis rúnda, fiú tar éis bháis. Mura bhfuil sé soiléir ar thoiligh an t-othar leis an nochtadh faisnéise tar éis a bháis nó nár thoiligh, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh an nochtadh dul chun tairbhe do theaghlach nó do chúramóirí an duine nach maireann nó imní a chur orthu. Ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag nochtadh ar chlú an duine nach maireann agus ar chuspóir an nochta freisin. Is féidir go mbeidh do rogha sa réimse seo teoranta de réir an dlí.[20] Féach mír 67 freisin i dtaca le Nochtadh Oscailte agus Dualgas Cneastachta.

## 33 Taifid leighis

33.1 Cuimsítear faisnéis ábhartha a foghlaimíodh ó othair nó a foghlaimíodh fúthu i dtaifid leighis. Áirítear leo taifeadtaí amhairc agus fuaime agus faisnéis arna cur ar fáil ag tríú páirtithe, amhail gaolta.

33.2 Ní mór duit taifid othar atá cruinn agus cothrom le dáta a choinneáil ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach. Ní mór na taifid a bheith inléite soiléir agus údar, dáta agus, nuair is cuí, am na hiontrála de réir an chloig 24 huaire a chur ar áireamh iontu.

33.3 Má tá tú ag obair i seirbhísí as uaireanta nó i dteilileigheas, ba cheart duit gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go ndéanfar aon nótaí a dhéanann tú faoi othar a chur i dtaifead leighis an othair lena lia-chleachtóir ginearálta a luaithe is féidir (féach mír 43).

33.4 Ní mór duit cloí leis an reachtaíocht um chosaint sonraí agus le reachtaíocht eile a bhaineann le taifid a stóráil, a dhiúscairt agus a rochtain. Ba cheart go dtuigeann tú na hocht riail cosanta sonraí (féach Aguisín B).

[19] Beidh tú freagrach as taifid leighis sa chás gur rialaitheoir sonraí thú faoin Acht um Chosaint Sonraí, 1988, agus faoin Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003. Féach http://acts.oireachtas.ie/ga.act.1988.0025.1.html agus http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2003/a603i.pdf

[20] Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, alt 43

33.5 Tá an ceart ag an othar chun cóipeanna dá thaifid leighis a fháil, seachas sa chás gur dócha go ndéanfaidh sé sin dochar tromchúiseach dá shláinte choirp nó dá shláinte mheabhrach. Sula dtugann tú cóipeanna de na taifid don othar, ní mór duit faisnéis a bhaineann le daoine eile a bhaint, seachas sa chás gur thoiligh na daoine sin leis an nochtadh.

33.6 Ba cheart duit taifid leighis a choinneáil ar feadh na tréimhse ar dóigh dóibh a bheith ábhartha do chúram an othair nó ar feadh na tréimhse a cheanglaítear leis an dlí nó le caighdeáin an chleachtaidh. D'fhéadfadh go mbeadh fonn ort freisin comhairle a fháil ó d'eagraíocht cosanta leighis nó ó do chomhairleoir dlí faoi thaifid a choinneáil chun críocha dlí-liachta.

## 34 Taifeadadh

34.1 Taifeadtaí fuaime, amhairc nó fótagrafacha d'othar nó de ghaol le hothar óna bhféadfaí an duine sin a aithint, níor cheart iad a dhéanamh ach tar éis a thoiliú cinnte a fháil. Ba cheart duit na taifeadtaí sin a choinneáil rúnda mar chuid de thaifead an othair. Ba cheart duit smaoineamh ar shlándáil agus faisnéis á comhroinnt go leictreonach, lena n-áirítear cur teachtaireachtaí téacs, cur teachtaireachtaí leictreonacha eile nó seoladh ríomhphost, agus ba cheart duit gach rud is féidir leat a dhéanamh le réasún a dhéanamh chun rúndacht a chosaint. Ba cheart duit toiliú a fháil sula gcomhroinneann tú físeáin, grianghraif nó íomhánna eile d'othair.

34.2 I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh tú íomhánna d'othair a thógáil ach do ghaireas móibíleach pearsanta a úsáid. Níor cheart duit déanamh amhlaidh ach sa chás go bhfuil sé riachtanach ar son chúram an othair. Is gá nach féidir an t-othar a aithint ó na híomhánna, go gcoinnítear iad ar feadh na tréimhse is giorra atá siad ag teastáil agus go scriostar iad a luaithe is féidir. Tá tú freagrach as cosaint sonraí chuige sin agus ní mór duit cloí le rialacha agus nósanna imeachta ar bith a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm ag d'fhostóir.

## 35 Scrúduithe fisiciúla agus dlúthphearsanta

35.1 Is minic a bhíonn scrúdú fisiciúil agus breacadh nótaí ábhartha faoi stair an othair i gceist le measúnuithe cliniciúla ar an othar. Sula ndéantar aon scrúdú fisiciúil, lena n-áirítear scrúdú dlúthphearsanta, ba cheart duit a mhíniú don othar cén fáth a bhfuil gá ann leis an scrúdú agus cad a bheidh i gceist leis agus ba cheart duit toiliú a fháil ón othar.

35.2 Ba cheart duit dínit an othair a urramú ach príobháideacht a thabhairt dó a chuid éadaí a bhaint de agus a chur air agus ba cheart duit é a choinneáil chomh clúdaithe agus is féidir. Níor cheart duit cabhrú leis an othar a chuid éadaí a bhaint ach amháin sa chás gur iarr sé ort déanamh amhlaidh nó ach amháin tar éis duit á fhiafraí de an bhfuil cabhair de dhíth air.

35.3 Sa chás gur gá scrúdú dlúthphearsanta a dhéanamh, ní mór duit a mhíniú don othar cén fáth a bhfuil gá ann leis an scrúdú agus cad a bheidh i gceist leis. Ní mór duit a fhiafraí den othar ar mhaith leis coimhdire a bheith i láthair – mar shampla, altra nó ball teaghlaigh – agus ní mór duit a lua i dtaifead an othair gur tairgeadh coimhdire dó. Ba cheart duit a lua cé acu a bhí nó nach raibh coimhdire i láthair agus cé acu a dhiúltaigh nó nár dhiúltaigh an t-othar don tairiscint coimhdire a bheith aige.

35.4 Ba cheart duit a lua freisin go raibh an t-othar sásta dul ar aghaidh leis an scrúdú dlúthphearsanta sa chás nach raibh coimhdire ar fáil.

## 36 Leanúnachas cúraim

36.1 Baineann othair tairbhe as cásanna ina bhfuil gach duine atá ag cur cóireáil orthu láneolach ar a riocht agus ar a stair leighis. Is mór ag a lán othar a lia-chleachtóir ginearálta féin a bheith acu nó cóireáil a fháil ón aon dochtúir amháin nó ón aon fhoireann amháin le linn tinnis mar go gcabhraíonn sé sin leo caidreamh a fhorbairt lena gcuid cliniceoirí.

36.2 Mura féidir leat leanúint le cúram a chur ar fáil d'othar nó do ghrúpa othar mar chleachtóir aonair nó mar bhall d'fhoireann nó de ghrúpa, ba cheart duit an méid sin a chur in iúl don othar/do na hothair lena mbaineann agus socruithe a dhéanamh go rachaidh dochtúir nó seirbhís eile i gceannas ar a chúram/gcúram. Is tusa a bheidh freagrach as d'othair go dtí go rachaidh dochtúir nó seirbhís eile i gceannas ar a gcúram. Fágann sé sin nach mór duit seirbhísí éigeandála agus aon chúram nó aon chóireáil a theastaíonn ó d'othair a chur ar fáil. Nuair a bheidh cúram malartach leighis i bhfeidhm, ba cheart duit aistriú thaifid leighis d'othar a éascú gan mhoill.

36.3 D'fhéadfadh go ndéanfaí dochar do shláinte othar soghonta sa chás go gcuirtear isteach ar a gcúram nó go dtéann cliniceoirí eile i gceannas ar a gcúram gan eolas leordhóthanach a bheith acu ar a stair ná ar a riachtanais. Ba cheart duit do dhícheall a dhéanamh a chinntiú nach gcuirfear isteach ar chúram grúpaí soghonta ná ar chúram othar soghonta (féach freisin mír 8 - Comhionannas agus Éagsúlacht).

36.4 Mura bhfuil tú in ann leanúint le cúram a chur ar fáil de bharr tinnis nó ar chúiseanna eile, ba cheart duit socruithe a dhéanamh chun cúram othar a aistriú ionas go leanfaidh d'othair le cúram a fháil.

36.5 Má bhraitheann tú nach bhfuil tú in ann leanúint le cúram éifeachtach a chur ar fáil d'othar mar gheall gur chlis an caidreamh teiripeach eadraibh, ba cheart duit toiliú an othair a fháil lena thaifid leighis ar fad a sheoladh chuig dochtúir eile de do rogha féin nó de rogha an othair. Ba cheart duit an méid sin a thaifeadadh ina thaifid leighis.

## 37 Dul ar scor agus cúram othar a aistriú

37.1 Má tá sé beartaithe agat dul ar scor nó do liosta othar a laghdú, ba cheart duit socruithe a dhéanamh chun d'othair a aistriú chuig dochtúir eile. Ba cheart duit fógra a thabhairt do d'othair sula mbeidh éifeacht leis na socruithe sin. Le toiliú an othair, ba cheart gach taifead ábhartha leighis a sheoladh chuig an dochtúir a bheidh ag dul i gceannas ar chúram an othair. Má tá tú freagrach as taifid leighis[21] , ní mór duit a chinntiú go n-aistreofar na taifid go sábháilte nó go ndiúscrófar iad go cuí. Féach mír 33.4 agus mír 33.5 freisin.

## 38 Othair a atreorú

38.1 Tá sé le leas an othair go bhfuil bainistíocht fhoriomlán a shláinte faoi mhaoirseacht agus faoi threoir ag lia-chleachtóir ginearálta.

38.2 Má mheasann tú go bhfuil sé le leas an othair é a atreorú chun tuairim speisialtóra a fháil, ba cheart duit na treoirlínte gairmiúla ábhartha a mheas agus d'othar a atreorú chuig speisialtóir atá inniúil agus oilte go cuí chun déileáil leis an othar lena mbaineann (féach mír 30.3 freisin).

38.3 Is gnách go bhfeiceann sainchomhairleoirí an t-othar tar éis atreoraithe óna lia-chleachtóir ginearálta, ó shainchomhairleoir eile nó ó dhochtúir cóireála. D'fhéadfadh nach mbeadh aon atreorú den sórt sin ann i gcásanna áirithe. I ngach cás, áfach, ba cheart duit fógra a thabhairt do lia-chleachtóir ginearálta an othair faoi dhul chun cinn an othair, ach amháin sa chás go gcuireann an t-othar go sonrach ina choinne sin (féach mír 30.3 freisin).

38.4 Ba cheart duit cabhrú le hothar a iarrann tuairim dochtúra eile ach amháin sa chás go measann tú nach bhfuil sé sin le leas an othair.  Ní ceadmhach duit táille a íoc le cleachtóir eile as othar a atreorú chuige. Ní ceadmhach duit ach oiread glacadh le táille as atreorú a dhéanamh. N hionann othair a atreorú agus ceart chun agóid choinsiasach a dhéanamh a fheidhmiú (féach mír 49 – Agóid choinsiasach).

38.5 Ní ceadmhach duit táille a íoc le cleachtóir eile as othar a atreorú chuige. Ní ceadmhach duit ach oiread glacadh le táille as atreorú a dhéanamh.

[21] Beidh tú freagrach as taifid leighis sa chás gur rialaitheoir sonraí thú faoin Acht um Chosaint Sonraí, 1988, agus faoin Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003.   Féach http://www.irishstatutebook.ie/1988/en/act/pub/0025/sec0001.html#sec1 agus http://www.irishstatutebook.ie/eli/2003/act/6/enacted/en/print

## 39 Diúltú do chóireáil a chur ar fáil

39.1 I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh gur ghá duit breithniú a dhéanamh ar dhiúltú do chóireálacha sonracha a chur ar fáil d'othair aonair. Níor cheart duit diúltú cóir leighis a chur ar fáil ná moill a chur uirthi sa chás go gcreideann tú gur chuir gníomhartha nó stíl mhaireachtála an othair leis an riocht atá air. Mar sin féin, féadfaidh tú diúltú cóir leighis a chur ar fáil sa chás go bhfuil cúiseanna agat lena chreidiúint nach dóigh go gcomhoibreoidh an t-othar leat nó nach dóigh go ndéanfaidh sé na hathruithe stíl mhaireachtála a theastaíonn chun go n-éireoidh leis an gcóireáil. Féadfaidh tú diúltú cóireálacha sonracha a chur ar fáil freisin sa chás nach measann tú go n-éireoidh leo nó gur dóigh dóibh níos mó dochair ná maitheasa a dhéanamh don othar.

39.2 Má chinneann tú diúltú cóir leighis a chur ar fáil, ba cheart duit do chúiseanna a mhíniú don othar agus deis a thabhairt dó athbhreithniú ar do chinneadh a fháil ó chliniceoir eile.

## 40 Tuairiscí leighis

40.1 Ba cheart duit tuairiscí a ullmhú nó a sheachadadh le toiliú an othair. Ba cheart an tuairisc a bheith ag baint go sonrach leis an gcás ar iarradh an tuairisc ina leith. Má bhaineann an tuairisc le staid reatha sláinte an othair, ba cheart duit scrúdú cothrom le dáta a dhéanamh nuair is cuí.

40.2 Ní mór tuairiscí a bheith ábhartha, fíorasach agus cruinn. Ní ceadmhach iad a bheith míthreorach. Is gá nach bhfuil ábhar na dtuairiscí faoi réir aslach nó brúnna airgeadais ná faoi réir aslach nó brúnna de chineál eile.

40.3 Ba cheart duit tuairiscí a chur ar fáil go pras ionas nach bhfulaingeoidh an t-othar aon mhíbhuntáiste.

40.4 Tá tú i dteideal táille ghairmiúil a iarraidh as tuairisc a chur ar fáil. Tríd is tríd, is fút féin agus faoin duine nó faoin ngníomhaireacht a d'iarr an tuairisc atá sé am agus méid na híocaíochta sin a shocrú. Ní ceadmhach duit do tháille a idirbheartú bunaithe ar an toradh ar dhlíthíocht.

40.5 Má iarrtar ort scrúdú a dhéanamh agus torthaí an scrúdaithe a thabhairt do thríú páirtí amhail cuideachta árachais, fostóir nó ionadaí dlíthiúil, ba cheart duit a mhíniú don othar go bhfuil dualgas agat i leith an tríú páirtí sin agus i leith an othair araon agus nach bhféadfaidh tú faisnéis ábhartha a fhágáil ar lár ón tuairisc dá bharr sin. Ba cheart duit a bheith deimhin go dtuigeann an t-othar raon feidhme agus cuspóir an scrúdaithe agus gur thug sé toiliú duit leis an scrúdú a dhéanamh agus don tuairisc a ullmhú. Ba cheart an caighdeán gairmiúlachta a chuireann tú i bhfeidhm le linn duit na scrúduithe sin a dhéanamh agus na tuairiscí sin a ullmhú a bheith comhionann leis an gcaighdeán gairmiúlachta sin a chuireann tú i bhfeidhm le linn duit cúram agus cóireáil a chur ar fáil d'othair.

## 41 Deimhniú

41.1 Agus deimhnithe, tuairiscí, oidis agus doiciméid fhoirmiúla eile á n-eisiúint agat, ní mór duit bheith cruinn agus a chinntiú go bhfuil an doiciméad inléite. Ní mór duit d'uimhir chlárúcháin le Comhairle na nDochtúirí Leighis a chur ar áireamh orthu freisin.[22] Níor cheart duit deimhniú, oideas, tuairisc ná doiciméad a shíniú d'othar ach amháin tar éis duit athbhreithniú a dhéanamh ar riocht an othair.

## 42 Oideas a Ordú

42.1 Ní mór na hoidis a eisíonn tú a bheith inléite, dátaithe agus sínithe agus ní mór d'uimhir chlárúcháin le Comhairle na nDochtúirí Leighis a bheith luaite orthu.

42.2 Ní mór duit a chinntiú go ndéantar bloic oideas agus bogearraí lena ngintear oidis a choinneáil go sábháilte agus nach bhfuil siad ar fáil ach amháin do dhaoine a bhfuil údarás acu oideas a ordú.

[22] Alt 43 Acht na Lia-Chleachtóirí 2007

42.3 Agus cógais á n-ordú agat, ní mór duit cloí leis an reachtaíocht um Mí-Úsáid Drugaí agus le rialacháin agus/nó treoirlínte ábhartha eile.

42.4 Más gá oideas a ordú thar an teileafón, ní mór é a dhéanamh de réir na bhforálacha maidir le 'Díolúintí do Sholáthar Éigeandála' atá leagtha amach i rialacháin náisiúnta.[23] Ní mór duit nóta den ghlao a bhreacadh i dtaifid an othair agus oideas scríofa a sheoladh chuig an gcógaiseoir laistigh de 72 uair an chloig.

42.5 A mhéid is féidir, ba cheart duit a chinntiú gur sábháilte, fianaisebhunaithe agus le leas an othair atá aon chóireáil, aon chógas nó aon teiripe a ordaítear d'othar. Níor cheart go mbeadh tuairim dochtúra nach bhfuil cóireáil, leigheas nó teiripe le leas is fearr an othair bunaithe ar agóid choinsiasach phearsanta an dochtúra (féach mír 49 - Agóid choinsiasach). Agus drugaí á n-ordú agat[24], ná húsáid ainmneacha branda nuair is féidir – ach amháin sa chás go bhfuil dea-chúis ann le iad a úsáid. Ba cheart duit bheith an-chúramach agus roinnt cógas éagsúil á n-ordú agat ar eagla go mbeidh an meascán cógas ina chúis le frithghníomhartha díobhálacha agus ba cheart duit dul i dteagmháil leis an gcógaslann chun soiléiriú a fháil ar aon cheisteanna nó ar aon ábhair imní atá agat. Ba cheart duit réimeanna cóireála othar a athbhreithniú go tréimhsiúil. Ba cheart duit coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ó thaobh sábháilteacht cógais de. Ba cheart duit foinsí faisnéise atá neamhspleách agus fianaisebhunaithe a lorg faoi na tairbhí agus faoi na rioscaí a bhaineann le leigheasanna sula n-ordóidh tú iad. Ba cheart duit réimeanna cóireála othar a athbhreithniú go tréimhsiúil.

42.6 Ba cheart duit coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ó thaobh sábháilteacht cógais de. Ba cheart duit foinsí faisnéise atá neamhspleách agus fianaisebhunaithe a lorg faoi na tairbhí agus faoi na rioscaí a bhaineann le leigheasanna sula n-ordóidh tú iad.

42.7 Ní mór duit bheith ar an eolas faoi na contúirtí a bhaineann le spleáchas ar dhrugaí agus beinsidhé-asaipín, codlaidínigh agus drugaí eile a d'fhéadfadh a bheith andúileach á n-ordú agat. Ba cheart duit othair a bhfuil spleáchas ar dhrugaí acu a atreorú chuig seirbhísí agus chuig tacaí cuí cóireála drugaí ach amháin sa chás go bhfuil oiliúint chuí agus áiseanna cuí agat féin agus gur féidir leat tacaí cuí a chur ar fáil dóibh. Níor cheart duit spleáchas ar chodlaidínigh a chóireáil ach amháin sa chás gur ceadaíodh thú faoin bPrótacal um Chóireáil Meatadóin. Ba cheart duit othair a bhfuil spleáchas ar dhrugaí acu a chosaint ach bearta réasúnacha a dhéanamh chun a chinntiú nach mbíonn siad ag fáil drugaí go míchuí ó fhoinsí éagsúla. Is féidir leat é sin a dhéanamh, mar shampla, trí dhul i gcomhairle le seirbhísí cóireála drugaí, le dochtúirí eile agus le cógaiseoirí.

## 43 Teilileigheas

43.1 Is é atá i gceist le teilileigheas ná seirbhísí cúram sláinte a sholáthar trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar mhaithe le sláinte daoine aonair agus a bpobail a chur chun cinn. Baineann sé le malartú faisnéise idir dochtúirí agus othair, nó idir dochtúirí agus comhghleacaithe gairmiúla, le haghaidh galar agus díobhálacha a dhiagnóisiú, a chóireáil agus a chosc agus le haghaidh taighde, meastóireachta, agus oideachas leanúnach.

43.2 Má chuireann tú seirbhísí teilileighis ar fáil d'othair laistigh den Stát, ba cheart duit bheith cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis. Is é an aidhm atá leis sin muinín an phobail as teilileigheas a choinneáil.

43.3 Ní mór duit na caighdeáin dea-chleachtais atá leagtha amach sa treoir seo a leanúint, is cuma cé acu is trí theilileigheas nó trí mhodhanna traidisiúnta a chuireann tú seirbhísí ar fáil. Go háirithe, ba cheart duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú gur thug an t-othar toiliú duit leis an gcomhairliúchán a dhéanamh trí theilileigheas agus gur thoiligh sé le haon chóireáil a cuireadh ar fáil. Féach míreanna 9 go 13;

[23] Na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Oideasú agus Rialú Soláthair) 2003

[24] An tAcht Sláinte (Praghsáil agus Soláthar Earraí Leighis) 2013: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/14/enacted/en/pdf

- cloí le mír 44 den treoirleabhar seo má dhéanann tú fógraíocht ar shuíomhanna gréasáin nó ar a leithéid de mheán;
- príobháideacht othar a chosaint trí bearta slándála iomchuí a chur i bhfeidhm; príobháideacht othar a chosaint tríd an treoir maidir le rúndacht agus le taifid leighis atá leagtha amach i míreanna 29 agus 33, a leanúint; agus do bheartais faisnéise a mhíniú d'úsáideoirí;
- cloí le prionsabail um chosaint sonraí má aistríonn tú aon fhaisnéis phearsanta othar chuig dlínsí eile; [25] agus
- fógra a thabhairt do lia-chleachtóir ginearálta an othair faoin gcomhairliúchán (féach mír 33.3).

43.4 Ní mór duit tú féin a shásamh gur sábháilte agus oiriúnach d'othair atá na seirbhísí a chuireann tú ar fáil trí theilileigheas. Ba cheart duit a mhíniú d'othair go bhfuil gnéithe de theilileigheas ann atá éagsúil le cleachtadh traidisiúnta leighis – mar shampla, ní bhíonn scrúdú fisiciúil ná measúnú ar aon rioscaí breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gceist le comhairliúchán a dhéantar trí theilileigheas.

## 44 Faisnéis a sholáthar don phobal agus fógraíocht

44.1 Tríd is tríd, is le leas an phobail atá faisnéis faoi sheirbhísí leighis a fhoilsítear sna meáin, ar an Idirlíon nó ar bhealaí eile, fad atá an fhaisnéis sin cruinn ó thaobh fíricí de agus fianaisebhunaithe agus nach bhfuil sí míthreorach.

44.2 Ní mór duit d'uimhir chlárúcháin le Comhairle na nDochtúirí Leighis a chur ar áireamh ar do chinn litreach, ar d'oidis leighis agus ar gach doiciméad agus taifead eile (idir chinn pháipéir agus chinn leictreonacha) a bhaineann le do chleachtadh. Níor cheart faisnéis faoi bhallraíocht de chomhlachais ná de chumainn a bheith luaite ar do chinn litreach, seachas iad sin atá aitheanta nó creidiúnaithe ag comhlachtaí oiliúna cuí. San fhaisnéis a fhoilsítear faoi do chleachtadh nó faoi do chuid seirbhísí, ba cheart a mhíniú freisin nach bhféadfaidh dochtúirí cleachtadh ach amháin i dtíortha ina bhfuil siad cláraithe.

444.3 Féadfaidh tú do chleachtadh a fhógairt ach ainm agus seoladh an chleachtaidh, uaireanta oibre an chleachtaidh agus sonraí teagmhála an chleachtaidh a phoibliú. Ní fhéadfaidh tú do réimse speisialtachta a chur ar áireamh ach amháin sa chás go bhfuil an réimse sin aitheanta ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus go bhfuil d'ainm luaite don speisialtacht sin sa Rannán Speisialtóirí den Chlár. Féadfaidh tú pláta nó comhartha gairmiúil a thaispeáint ag do chleachtadh, rud ar a léirítear d'ainm cláraithe, do cháilíochtaí cláraithe nó coibhéisí idirnáisiúnta, agus do speisialtachtaí cláraithe. Féadfar uaireanta freastail, uimhreacha teileafóin, na seirbhísí a chuireann tú ar fáil agus sonraí faoi sheirbhísí éigeandála a thaispeáint ar an bpláta freisin.

44.4 Más mian leat tuilleadh faisnéise a fhoilsiú faoi na seirbhísí a chuireann tú ar fáil, ní mór duit a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis fíor agus infhíoraithe, nach ndéantar maíomh bréagach san fhaisnéis agus nach mbaineann acmhainneacht leis an bhfaisnéis ionchais neamhréalaíocha a chruthú. Mar shampla, níor cheart duit léirithe fótagrafacha ná léirithe eile de chorp an duine a úsáid chun gnáthaimh chosmaideacha nó gnáthaimh mháinliachta plaistí a chur chun cinn toisc go bhféadfaí ionchais neamhréalaíocha a chruthú i measc othair fhéideartha dá mbarr. Ba cheart duit faisnéis a thabhairt faoi aon rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí a chuireann tú ar fáil.

44.5 Ba cheart na táillí a ghearrann tú a bheith i gcomhréir leis an tseirbhís a chuireann tú ar fáil. Ba cheart duit a insint don othar roimh an gcomhairliúchán agus roimh an gcóireáil cad iad na costais ar dóigh dóibh bheith i gceist.

[25] Féach an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988, alt 11 agus an treoir ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí

## 45 Cothú agus hiodráitiú

45.1 Bunriachtanais an duine is ea bia agus deoch. Tá gach othar i dteideal bia cuí agus deoch chuí agus cúnamh a fháil ó oibrithe cúram sláinte má theastaíonn cabhair uathu chun ithe agus chun ól. Ba cheart duit a sheiceáil le hothair agus leis an bhfoireann cúram sláinte go mbíonn d'othair ag fáil bia dóthanach agus deoch dhóthanach agus go mbíonn siad ag fáil cabhrach ar bith eile a theastaíonn uathu chun ithe agus chun ól.

45.2 Mura bhfuil othar in ann bia dóthanach nó deoch dhóthanach a ghlacadh ó bhéal, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar chothú agus/nó ar hiodráitiú a thabhairt dó ar bhealaí beathaithe fochraicnigh, infhéithigh nó eintrigh. Ba cheart duit a mheas cé acu a bheidh nó nach mbeidh sé sin chun tairbhe fhoriomlán don othar, agus aird á tabhairt agat ar thuairimí an othair, más eol, agus na tairbhí, na hualaí agus na rioscaí a bhaineann le gach cineál cóireála á gcur sa mheá agat. Ba cheart duit bheith íogair don tionchar mothúchánach a bheadh ann ar an othar agus ar a theaghlach mura gcuirfí cothú agus/nó hiodráitiú ar fáil. Má chinneann tú nach mbeidh sé chun tairbhe fhoriomlán don othar cothú ná hiodráitiú saorga a chur ar fáil trí idirghabháil leighis, ní mór duit a chinntiú go gcoinneofar an t-othar a chompordaí is féidir agus go dtabharfar aghaidh ar a shiomptóim. Nuair is féidir, ba cheart duit insint don othar agus/nó dá dhaoine muinteartha faoi do chinneadh agus faoi na cúiseanna a bhaineann leis (féach mír 46.5 freisin).

## 46 Cúram deireadh saoil

46.1 Nuair atá an t-othar ag druidim leis an deireadh saoil, tá sé de fhreagracht ort a chinntiú go bhfuil sé compordach, go bhfulaingíonn sé a laghad is féidir agus go bhfaighidh sé bás le dínit. Ba cheart duit caitheamh leis le cineáltas agus le hatrua.

46.2 Gné riachtanach de dhea-chúram is ea cumarsáid a dhéanamh leis an othar agus lena theaghlach. Ba cheart duit bheith íogair agus faisnéis á cur i láthair agat, ach déan cinnte de go bhfuil tuiscint shoiléir ag an othar agus ag a theaghlach ar na nithe a bheifear agus nach mbeifear in ann a bhaint amach. Ba cheart duit comhairle a thairiscint ar roghanna eile cóireála nó ar roghanna cúraim mhaolaithigh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dó. Ba cheart duit a chinntiú go dtugtar tacaíocht don othar agus dá theaghlach, go háirithe nuair is dóigh go gcuirfear an toradh as dóibh.

46.3 I bhformhór na gcásanna, tabharfaidh tú cóireáil arb é an aidhm atá léi fad a chur le saol othair. Mar sin féin, níl aon oibleagáid ort cóireáil a thosú ná leanúint le cóireáil, lena n-áirítear athbheochan, ná cothú ná hiodráitiú a chur ar fáil trí idirghabháil leighis sna cásanna seo a leanas:

- ní dóigh leat go n-éireoidh leis an gcóireáil; nó
- measann tú gur mó an dochar ná an maitheas a dhéanfaidh an chóireáil don othar; nó
- measann tú go gcuirfidh an chóireáil an t-othar faoi réir péine, míchompoird nó anacra a sháróidh na tairbhí a thiocfaidh as an gcóireáil.

46.4 Ba cheart duit breithniú cúramach a dhéanamh ar cén uair ba cheart tosú ar iarrachtaí fad a chur le saol othair agus ar cén uair ba cheart na hiarrachtaí sin a stopadh. Ba cheart duit a chinntiú go bhfaigheann an t-othar bainistíocht chuí péine agus faoiseamh cuí ó anacair, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil tú ag leanúint le cóireáil ghníomhach.

46.5 Má tá easaontas ann laistigh den fhoireann cúram sláinte nó idir an fhoireann cúram sláinte agus an t-othar nó teaghlach an othair maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí cóireáil a tharraingt siar, nó maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart tosú ar chóireáil, ba cheart duit gach iarracht a dhéanamh an tsaincheist a réiteach. Ba cheart duit na cúiseanna le do chinneadh a mhíniú agus éisteacht go cúramach le tuairimí daoine eile. Mura féidir teacht ar chomhaontú, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar chomhairle a lorg ó chomhghleacaí seanchleachta, ar thuairim dochtúra eile a fháil – rud a mbeidh tathantóir neamhspleách páirteach ann – nó ar úsáid a bhaint as seirbhís idirghabhála, má tá ceann ar fáil.

46.6 Ba cheart duit aird a thabhairt ar dhiúltú do chóireáil a fháil i réamhphlean cúram sláinte nó i réamhthreoir cúram sláinte an othair. Tá tuilleadh treorach ina leith sin le fáil i mír 16.

46.7 Mar dhochtúir, imríonn tú ról tábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt d'othair, do theaghlaigh agus don phobal déileáil leis an mbás. Tar éis bás othair, ba cheart duit bheith ar fáil chun labhairt le teaghlach an duine a fuair bás, más mian leo. Ba cheart duit, a mhéid is féidir, cúinsí bhás an othair a mhíniú don teaghlach ar bhealach oscailte íogair, ach amháin sa chás gur iarr an t-othar roimhe seo gan faisnéis den sórt sin a thabhairt (féach mír 32).

46.8 Más rud é gur tugadh diagnóis go bhfuil riocht ar othar agus gur dóigh go bhfaighidh an t-othar bás de bharr an reachta sin roimh i bhfad, agus gur duine atá oiriúnach dá chuid orgán a dheonú é an t-othar, ba cheart duit an méid sin a tharraingt anuas go híogair don othar. Má iarrann an t-othar faisnéis, ba cheart duit a mhíniú dó conas is féidir leis a chuid mianta a chur in iúl. Más rud é go bhfuil an t-othar gar don bhás agus nach féidir leis a thuairimí a chur in iúl, ba cheart duit a fhiafraí de theaghlach an othair cé acu a chuir nó nár chuir an t-othar aon tuairimí in iúl roimhe seo faoi dheonú orgáin nó fíocháin nó cé acu ba mhaith nó nár mhaith leis an othar orgáin nó fíochán a dheonú, dar leo. Nuair atá othar á mheas mar dheontóir féideartha orgáin, is as cúram an othair an phríomhfhreagracht atá ort go fóill agus ba cheart gach cinneadh a dhéanamh chun tairbhe dó.

46.9 Ní ceadmhach duit bheith páirteach in othar a mharú d'aon ghnó.

## 47 Atáirgeadh daonna cuidithe

47.1 Níor cheart cóireálacha atáirgthe dhaonna chuidithe amhail Toirchiú In Vitro (IVF) a úsáid ach amháin tar éis imscrúdú grinn a dhéanamh inar léiríodh nár dhóigh go n-éireodh le haon chóireáil eile. Ba cheart duit a chinntiú gur tairgeadh comhairleoireacht chuí do na hothair agus go raibh dóthain ama acu an fhaisnéis a mheas sula dtabharfaidh siad toiliú feasach le haon chóireáil a fháil.

47.2 Ba cheart seirbhísí atáirgthe dhaonna chuidithe a bheith á gcur ar fáil ag gairmithe atá cáilithe go cuí, i saoráidí atá creidiúnaithe go cuí, agus de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta amháin. Ba cheart duit iniúchtaí cliniciúla agus torthaí a sheiceáil go rialta.

47.3 Má thairgeann tú cláir dheontóra d'othair, ní mór duit struchtúir láidre rialachais a bheith i bhfeidhm agat agus taifid chruinne a choinneáil ionas go mbeifear in ann céannacht an deontóra a rianú. Ba cheart cláir dheontóra a bheith altrúíoch agus neamhthráchtálach. Ba cheart duit cloí le caighdeáin chreidiúnaithe an tionscail le haghaidh cláir dheonaithe freisin.

47.4 Ní ceadmhach duit bheith páirteach i gcineálacha nua bheatha an duine a chruthú chun críocha turgnamhacha amháin. Ní ceadmhach duit dul i mbun orgáin atáirgthe an duine a chlónáil.

## 48 Ginmhilleadh

48.1 Tá foirceannadh toirchis ceadaithe faoin dlí laistigh d'fhorálacha an Achta Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018 (féach mír 1.5 freisin).[26]

48.2 Tá dualgas ort cúram, tacaíocht agus iarchúram a chur ar fáil do mhná atá tar éis foirceannadh toirchis a bheith acu.

[26] Féach an tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialail) 2018 le haghaidh tuilleadh eolais. https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2018/31/eng/enacted/a3118.pdf

## 49 Agóid choinsiasach

49.1 Faoi réir chomhlíonadh mhíreanna 49.2 - 49.7 thíos, féadfaidh tú diúltú cóireálacha dleathacha agus cineálacha dleathacha cúraim a chur ar fáil agus páirt a ghlacadh iontu sa chás go bhfuil siad ag teacht salach ar na luachanna eiticiúla nó morálta atá agat go fíréanta.

49.2 Má tá agóid choinsiasach agat i gcoinne cineál cóireála nó cúraim ar leith, ba cheart duit an agóid sin a chur in iúl d'othair, do chomhghleacaithe agus do d'fhostóir a luaithe is féidir.

49.3 Má tá agóid choinsiasach agat i gcoinne cóireála, ní mór duit:

- a chur in iúl don othar go bhfuil sé de cheart acu cóireáil a lorg ó dhochtúir eile; agus
- faisnéis leordhóthanach a thabhairt don othar chun ligeann dóibh aistriú chuig dochtúir eile chun an chóireáil atá uathu a fhail.

49.4 Nuair a dhéanann tú othar a atreorú agus/nó aistriú a gcúram a éascú, ba cheart duit a chinntiú go ndéanfar ar bhealach sábháilte, éifeachtach agus tráthúil é. Ba cheart duit é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir don othar. Agus atreorú agus aistriú cúram othar á bplé agat le gairmí aile sláinte, ba cheart duit bheith íogair agus tuisceanach d'fhonn a laghad ciaptha is féidir a chruthú. (Féach mír 8 – Comhionannas agus Éagsúlacht.) Ba cheart duit a chinntiú nach gcuirfear isteach ar chúram othar agus nach mbeidh aon bhac ann ar an rochtain atá acu ar chúram.

49.5 Níor cheart duit faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt, nó cur isteach d'aonghnó ar rochtain othair ar chóireáil, bunaithe ar d'agóid choinsiasach féin.

49.6 Mura bhfuil an t-othar in ann a aistriú cúraim féin a shocrú, ba cheart duit na socruithe sin a dhéanamh thar a cheann.

49.7 I gcás éigeandála, ní mór duit tús áite a thabhairt do chúram an othair leat agus an chóireáil riachtanach a thabhairt.[27]

## 50 Othair a d'fhéadfadh daoine eile a chur i mbaol

50.1 D'fhéadfadh othair áirithe daoine eile a chur i mbaol, cé nach mbíonn cúiseanna cliniciúla taobh thiar de sin i gcónaí. Ní bhíonn aon oibleagáid ort tú féin ná daoine eile a chur i mbaol agus othar á mheas nó á chóireáil agat. I gcás mar sin, áfach, ba cheart duit iarracht réasúnta a dhéanamh measúnú cliniciúil iomchuí agus cóireáil a dhéanamh, agus réamhchúraimí oiriúnacha á nglacadh chun tú féin agus daoine eile a chosaint (féach mír 63.1 freisin maidir le sábháilteacht agus tathant othar).

## 51 Príosúnaigh a chóireáil

51.1 Is othair an-soghonta iad príosúnaigh Tá an ceart acu chun an caighdeán cúraim agus cóireála a fhaigheann daoine eile a fháil agus meas a fháil ar a rúndacht, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht agus ar shlándáil. Tá an ceart acu freisin chun go gcaithfear leo le cúirtéis agus le meas (féach mír 36 freisin maidir le leanúnachas cúraim).

51.2 Ba cheart duit réamhchúraimí oiriúnacha a ghlacadh sa chás go síleann tú go bhféadfadh go mbeadh do shábháilteacht phearsanta nó sábháilteacht daoine eile i mbaol.

51.3 Ní ceadmhach duit páirt a ghlacadh i nduine a chéasadh ná a chur faoi réir gnáthaimh chruálacha, mhídhaonna nó tháireacha de chineálacha eile.[28] Ní ceadmhach duit cabhrú duine a chur chun báis

---

[27] Féach an tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialail) 2018 le haghaidh tuilleadh eolais. https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2018/31/eng/enacted/a3118.pdf

[28] Comhlachas Domhanda na Lianna Míochaine, Dearbhú Thóiceo, arna athbhreithniú sa bhliain 2006. http://www.wma.net/en/30publications/10policies/c18/index.html.pdf?print-media-type&footer-right=[page]/[toPage]

## 52 Srianadh

52.1 Is gá cur chuige ildisciplíneach agus iomlánaíoch a ghlacadh i leith othair a bhfuil iompar dúshlánach acu a bhainistiú. Níor cheart breithniú a dhéanamh ar shrianadh fisiciúil ná ar chógais a úsáid ach amháin nuair a theipeann ar chineálacha eile cur chuige. Ní mór duit na Rialacha lena Rialaítear an Úsáid a Bhaintear as Cúlráideacht agus as Modhanna Meicniúla um Shrianadh Coirp a leanúint.[29]

52.2 Má ordaíonn tú cógas chun iompar a rialú, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil sé cuí, go bhfuil sé chun leasa an othair, agus go n-úsáidfear an dáileog íosta ar feadh na tréimhse íosta ama is gá. Ba cheart duit an treoir maidir le hoideas a ordú i mír 42 a leanúint.

52.3 Má tá tú ar an eolas faoi úsáid srianadh othair a mheasann tú a bheith díréireach, iomarcach nó míchuí, ba cheart duit do chuid ábhar imní a chur in iúl don chliniceoir sinsearach nó do dhuine atá in ann an scéal a fhiosrú (féach an treoir i mír 65).

52.4 Más rud é nach bhfuil sé de chumas ag othar cinneadh a dhéanamh ar chóireáil nó ar scrúdú agus go bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh don othar sin nó do dhaoine eile, féadfaidh tú srianadh fisiciúil nó ceimiceach atá cuí a úsáid sa chás go bhfuil sé le leas an othair déanamh amhlaidh. Ba cheart é sin a úsáid ar feadh na tréimhse íosta ama is gá. Ba cheart duit an treoir maidir le hoideas a ordú i mír 42 a leanúint.

## 53 Éigeandálaí

53.1 I gcás éigeandálaí a thagann chun cinn i suíomhanna cliniciúla nó sa phobal, ba cheart duit cúnamh nó cúram a chur ar fáil ach amháin sa chás go bhfuil tú deimhin go gcuirfidh daoine eile cúram cuí ar fáil. Agus breithniú á dhéanamh agat ar an gcineál cúraim is féidir leat a thairiscint, ba cheart duit aird a thabhairt ar d'inniúlacht agus ar do shábháilteacht féin.

## 54 Clárú

54.1 Ní mór duit cleachtadh san ainm/sna hainmneacha faoina bhfuil tú cláraithe agus ní mór duit d'uimhir chlárúcháin a úsáid i gcónaí agus tú ag tabhairt le fios gur lia-chleachtóir cláraithe thú.[30]

54.2 Ba cheart duit tú féin a chur in aithne d'othair i ngach cás sula dtosóidh tú aon chomhairliúchán, aon imscrúdú nó aon chóireáil.

54.3 Ceanglaítear ort leis an dlí[31] fógra a thabhairt don Chomhairle faoi aon ní a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do chlárú leanúnach. Áirítear leis sin:

- ciontuithe coiriúla laistigh den Stát nó lasmuigh de;
- cinntí ó chomhlachtaí rialála laistigh den Stát nó lasmuigh de gan clárú nó ceadúnas a dheonú duit; nó
- cinntí ó chomhlachtaí rialála laistigh den Stát nó lasmuigh de ar chlárú a bhaint nó a shrianadh.

Ní mór duit fógra a thabhairt don Chomhairle laistigh de 30 lá ó scéala a fháil faoi do chiontú nó faoi aon toradh ábhartha eile. Féadfaidh na póilíní agus na cúirteanna fógra a thabhairt don Chomhairle faoi chiontuithe freisin. Ní mór duit bheith macánta faoi chiontuithe nó faoi ábhair eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do chlárú agus do dhearbhú bliantúil á dhéanamh agat do Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

---

[29] Ceanglaítear le S69 of The Mental Health Act 2001 nár cheart cúlráideacht ná srianadh fisiciúil a úsáid ach amháin de réir Rialacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Is féidir teacht ar na Rialacha ag http://www.mhcirl.ie/for_H_Prof/Mental_Health_Commission_Rules/Seclusion_and_Mechanical_Restraint/

[30] Féach alt 43(8) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 http://www.irishstatutebook.ie/2007/en/act/pub/0025/print.html#sec43

[31] Alt 55 Acht na Lia-Chleachtóirí 2007

http://www.irishstatutebook.ie/2007/en/act/pub/0025/sec0055.html#sec55

## 55 Faisnéis faoi áitreabh agus faoi chleachtadh

55.1 Tá othair agus daoine den phobal i dteideal a bheith ag súil leis go mbeidh d'áitreabh glan inrochtana agus oiriúnach do chomhairliúcháin agus do scrúduithe leighis. Ba cheart go n-éascaíonn leagan amach an áitribh príobháideacht othar le linn comhairliúchán (féach mír 24.1 freisin).

## 56 Saincheisteanna fostaíochta

56.1 **Teistiméireachtaí a chur ar fáil**

56.1.1 D'fhonn sábháilteacht othar a chosaint, ní mór duit a chinntiú gur cruinn agus macánta atá na teistiméireachtaí a chuireann tú ar fáil thar ceann comhghleacaithe agus go n-áirítear leo an fhaisnéis ábhartha ar fad.

56.2 **Glacadh le poist**

56.2.1 Má chinneann tú gan dul i mbun poist ar ghlac tú leis cheana féin, ba cheart duit fógra a thabhairt don fhostóir a luaithe is féidir. I gcásanna den sórt sin, nó i gcásanna ina bhfágann tú do phost gan an fógra a cheanglaítear le do chonradh a thabhairt, ba cheart duit a chinntiú nach gcuirfear as do chúram othar.

56.3 **Socruithe dochtúra ionaid agus socruithe róta**

56.3.1 Má tá tú chun bheith as láthair ón obair, ba cheart duit a chinntiú go mbeidh clúdach ó dhochtúir ionaid nó socruithe eile i bhfeidhm chun sábháilteacht agus leas d'othar a chosaint. Má tá tú féinfhostaithe, ba cheart duit féin na socruithe sin a dhéanamh. Ba cheart duit a chinntiú ansin go bhfuil an dochtúir ionaid cáilithe agus go bhfuil sé cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis. A mhéid is féidir é, inis do d'othair faoi na socruithe sealadacha a bheidh i bhfeidhm le linn duit bheith as láthair. (Féach mír 23 freisin maidir le haistriú cúram othar).

56.3.2 Má oibríonn tú i gcóras róta, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil cumarsáid shoiléir ann i measc na rannpháirtithe, go háirithe nuair atá cúram á aistriú i dtús an tseala agus ag an deireadh. Ba cheart do gach duine bheith ar an eolas faoi cé atá ar dualgas ag aon am ar leith (féach mír 22).

56.4 **Páirt a ghlacadh i bpainéil earcaíochta**

56.4.1 Má tá tú páirteach i ndochtúirí a earcú, ba cheart duit bheith cothrom agus neodrach agus measúnú á dhéanamh agat ar iarrthóirí. Ba cheart duit ceanglais na reachtaíochta um chomhionannas fostaíochta a thuiscint agus cloí leis na ceanglais sin.

## 57 Slánaíocht ghairmiúil

57.1 Ní mór duit cumhdach leordhóthanach slánaíochta gairmiúla a bheith i bhfeidhm agat le haghaidh gach cinn de na seirbhísí cúram sláinte a chuireann tú ar fáil.[32]

## 58 Sláinte agus folláine dochtúirí

58.1 Tá freagracht eiticiúil ort aire a thabhairt do do shláinte agus folláine féin. Níor cheart duit tú féin a chóireáil ná oideas a ordú duit féin. Ba cheart duit do lia-chleachtóir ginearálta féin a bheith agat, duine nach ball de do theaghlach é, agus ba cheart duit bheith vacsaínithe in aghaidh galair theagmhálacha choitianta.

[32] Má dhéantar é a rith agus a achtú, ceanglófar le Bille na Lia-Chleachtóirí (Slánaíocht Ghairmiúil) (Leasú) ar an gComhairle catagóirí cleachtóirí a shainmhíniú a gcuirfear ceanglas dlíthiúil orthu slánaíocht ghairmiúil nó árachas gairmiúil a bheith acu agus fianaise a thabhairt [don Chomhairle] go bhfuil an leibhéal íosta árachais slánaíochta leighis acu.

58.2 Má tá tinneas ort a d'fhéadfadh othair a chur i mbaol nó a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar do bhreithiúnas, ní mór duit dul i gcomhairle le gairmí atá cáilithe go cuí agus an chomhairle uaidh a leanúint. Beidh dhá ról ag an ngairmí sin: cabhair agus comhairle a thabhairt duit, agus a chinntiú nach gcuirfidh tú sláinte othar agus daoine eile i mbaol. Má tá baol den sórt sin ann, ní mór duit fógra a thabhairt do Chomhairle na nDochtúirí Leighis a luaithe is féidir.

## 59 Ábhair imní faoi mhí-úsáid alcóil nó drugaí ag comhghleacaí nó faoi fhadhbanna eile sláinte atá ag comhghleacaí

59.1 Má tá imní ort faoi shláinte comhghleacaí nó faoina inniúlacht ghairmiúil de bharr mí-úsáid alcóil nó drugaí, de bharr neamhord fisiciúil nó síceolaíoch nó de bharr tosca eile, is é an príomhdhualgas atá ort othair a chosaint. Má tá riosca ann do shábháilteacht othar, ní mór duit fógra a thabhairt gan mhoill don údarás ábhartha faoi do chuid ábhar imní. Mura bhfuil aon riosca láithreach ann, ba cheart duit tacaíocht a thabhairt don chomhghleacaí leat trína mholadh dó sainchomhairle ghairmiúil a lorg nó breithniú a dhéanamh ar atreorú chuig Coiste Sláinte Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

## 60 Gaolta a chóireáil

60.1 Níor cheart duit baill de do theaghlach ná daoine eile a bhfuil dlúthchaidreamh pearsanta agat leo a chóireáil ná oideas a ordú dóibh ach amháin i gcás éigeandálaí.  Ní ceadmhach duit substaintí rialaithe a ordú dóibh ná deimhnithe ná tuairiscí breoiteachta a eisiúint dóibh ach amháin i gcás éigeandálaí.

## 61 Radaíocht ianúcháin liachta

61.1 Má dhéanann tú scrúduithe a bhfuil nochtadh do radaíocht ianúcháin liachta i gceist leo, ní mór duit cloí le rialacháin náisiúnta ábhartha agus le caighdeáin ghairmiúla a bhfuil glacadh leo. Ba cheart údar cliniciúil a bheith ann le gach gnáthamh radaíochta agus ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht an othair i ngach cás. Ba cheart duit eolas a thabhairt don othar faoin ngnáthamh agus toiliú a fháil uaidh lena dhéanamh. (Féach freisin mír 9 go mír 11).

61.2 Más rud é nach raideolaí thú agus go ndéanann tú gnáthaimh radaíochta d'othair, ní mór duit cúrsa oiliúna a chur i gcrích i sábháilteacht agus i dteicnící radaíochta. Ní mór an cúrsa sin a bheith sonraithe ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. [33]

61.3 Níor cheart gnáthaimh chomhairliúcháin raideolaíochta ná gnáthaimh imscrúdaitheacha raideolaíochta a dhéanamh ach amháin ar iarraidh a fháil ó lia-chleachtóir cláraithe nó ó shainchleachtóir eile agus ba cheart comhaontú a fháil ón raideolaí ina leith.  Ba cheart tuairiscí ar ghnáthaimh raideolaíochta a bheith athbhreithnithe agus fíoraithe ag an raideolaí sula gcomhdófar iad.  Tá an cliniceoir a lorg an gnáthamh chomh freagrach céanna as an tuairisc a athbhreithniú agus gníomh a dhéanamh air.

## 62 Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú

62.1 Ní ceadmhach duit ligean do chúinsí airgeadais dul i bhfeidhm ar an dóigh a mbainistíonn tú othair. Ní mór duit insint d'othair faoi aon leas tairbhiúil atá agat nó ag dlúthbhall teaghlaigh i gclinic príobháideach, in ospidéal príobháideach, i gcógaslann nó in aon institiúid eile a mbeartaíonn tú iad a atreorú chucu le haghaidh imscrúdaithe nó cóireála.

[33] I.R. Uimh. 478/2002 - European Communities (Medical Ionising Radiation Protection) Regulations 2002. http://www.irishstatutebook.ie/2002/en/si/0478.html

62.2 Má tá baint agat le clinicí príobháideacha nó le hospidéil phríobháideacha, ba cheart duit a chinntiú go gcloíonn na seirbhísí a thairgtear d'othair iontu le caighdeáin chliniciúla agus eiticiúla na gairme.

62.3 Níor cheart duit glacadh le bronntanais (lena n-áirítear fáilteachas) ó fhiontair chógaisíochta, ó fhiontair feistí leighis ná ó aon fhiontair eile thráchtála. Ní chuireann an méid sin cosc ort freastal ar chruinnithe oideachasúla ná íocaíocht táillí réasúnacha a fháil as seirbhísí gairmiúla a chur ar fáil d'fhiontair thráchtála. Ba cheart duit a bheith ar an eolas gur féidir le hábhair phoiblíochta lena mbaineann luach íseal dul i bhfeidhm freisin ar chinntí cóireála agus ar chinntí chun oideas a ordú.

62.4 Má tá tú páirteach i saoráidí nó i seirbhísí a sholáthar, ba cheart duit beartais áitiúla agus náisiúnta soláthair a leanúint.

62.5 Má tá tú freagrach as gníomhaíochtaí oideachais i d'ospidéal nó in aon institiúid eile, ba cheart duit a chinntiú gur trí Chistí neamhshrianta Oideachais agus Forbartha a leithdháiltear aon chistiú a fhaightear ó fhiontair thráchtála agus go mbainistítear an cistiú sin gan tionchar ón bhfiontar tráchtála lena mbaineann.

62.6 D'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn sa chás go bhfaigheann tú tacaíocht airgeadais nó acmhainní eile ó chuideachtaí cógaisíochta nó ó fhiontair ghaolmhara i dtaca le gníomhaíochtaí gairmiúla, lena n-áirítear léachtaí, cur i láthair, foilseacháin, forbairt seirbhísí cliniciúla, nó taighde. Sna cúinsí sin, ba cheart duit insint d'othair agus d'aon pháirtí ábhartha eile faoi aon chaidreamh gairmiúil atá agat leis na cuideachtaí sin.[34]

62.7 Má tá tú páirteach ar aon bhealach i dtáirgí nó i seirbhísí sonracha cúram sláinte a chur chun cinn nó a fhormhuiniú, ní mór duit aon leas airgeadais nó tráchtála atá agat san eagraíocht nó sa chuideachta a sholáthraíonn na táirgí nó na seirbhísí sin a dhearbhú.

62.8 Le haghaidh treoir eile maidir le coinbhleachtaí leasa, féach mír 5.7.

## 63 Dochtúirí a bhfuil ról bainistíochta acu

Is iad sláinte, sábháilteacht agus cúram othar an príomhchuspóir atá agat, fiú amháin sa chás nach mbaineann an ról atá agat le cúram cliniciúil a chur ar fáil d'othair aonair. D'fhéadfadh go mbeifeá freagrach do Chomhairle na nDochtúirí Leighis as do chuid iompair go fóill.

63.1 **Sábháilteacht agus tathant othar**

63.1.1 Mar dhochtúir a bhfuil ról bainistíochta aige, tá freagracht ort as tathant a dhéanamh ar son acmhainní agus saoráidí cuí cúram sláinte sa chás go bhfuil an easpa acmhainní ag dul i bhfeidhm ar shábháilteacht othar agus ar cháilíocht an chúraim nó sa chás go bhféadfadh an easpa acmhainní dul i bhfeidhm orthu.

[34] Féach an treoir ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis maidir le 'Relationships between Doctors and Industry – Frequently Asked Questions' http://www.medicalcouncil.ie/News-and-Publications/Publications/Professional-Conduct-Ethics/Relationship-between-doctors- industry.pdf

63.1.2 Mar bhainisteoir, tá freagracht ort freisin as sábháilteacht othar laistigh de d'eagraíocht. Ba cheart duit tú féin a shásamh go bhfuil córais iniúchta chliniciúil, aistrithe (féach mír 23) agus rúndachta i bhfeidhm. Ba cheart duit tú féin a shásamh freisin go bhfuil córais i bhfeidhm lena dtabharfar luathrabhadh ar aon teip nó ar aon teip fhéideartha i dtaca le feidhmíocht chliniciúil daoine aonair nó foirne ar leith. Ba cheart duit a chinntiú go rachfar i ngleic go tapa agus go héifeachtach le haon teipeanna atá ann. Ba cheart duit a chinntiú freisin go dtuigeann baill foirne a thábhachtaí atá na córais sin agus conas iad a úsáid.

63.1.3 Má tá tú freagrach as foireann nó as rannóg a bhainistiú, ba cheart duit a chinntiú:

- go bhfuil córais i bhfeidhm trínar féidir le baill foirne ábhair imní a tharraingt anuas faoi shábháilteacht othar;
- go bhfuil baill foirne ar an eolas faoi na córais sin agus faoi conas iad a úsáid;
- go spreagtar baill foirne fíorábhair imní atá acu a tharraingt anuas;
- go ndéantar imscrúdú go pras ar na hábhair imní atá ag baill foirne.

Níor cheart duit bearta araíonachta a thionscnamh in aghaidh ball foirne i leith ábhair imní a tharraingt anuas a mheas siad a bheith fíor [35]

63.2 **Acmhainní a phleanáil agus a úsáid**

63.2.1 Nuair a bhaintear úsáid éifeachtach éifeachtúil as acmhainní, laghdaítear diomailt agus méadaítear an fháil atá ar chúram sláinte do gach othar. A mhéid is féidir é, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun úsáid éifeachtúil chothrom na n-acmhainní atá ar fáil a chur chun cinn. Mar bhainisteoir, d'fhéadfadh go mbeadh ort a chinneadh conas acmhainní teoranta a chomhroinnt. D'fhéadfadh go dtiocfadh teannas chun cinn idir an gá atá ann le sábháilteacht othar a chur chun cinn agus a chosaint agus an gá atá ann le freastal ar riachtanais an phobail laistigh de na hacmhainní teoranta atá ar fáil. Is iad cúram agus sábháilteacht othar an príomhdhualgas atá ort i gcónaí. Mar bhainisteoir, áfach, ní mór duit riachtanais fhoriomlána an phobail othar ar a bhfreastalaíonn d'eagraíocht a chur san áireamh, fiú amháin sa chás go mbeidh sé sin ag teacht salach ar na riachtanais atá ag othair aonair (féach mír 24 freisin).

Siar go Leathanach an Chláir Ábhair

35 Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na cúinsí ina bhfuil nochtadh faoi chosaint, féach an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

5

# Caibidil 5: Feidhmíocht

## 64 Cultúr sábháilteacht othar

64.1 Is gá go mbíonn méid áirithe riosca ag gabháil le cóireáil leighis a chur ar fáil. Mar sin féin, ba cheart duit a chinntiú, a mhéid is féidir é, gur sábháilte atá na seirbhísí agus na cóireálacha a chuireann tú ar fáil agus go gcloíonn siad le caighdeáin na gairme. Ba cheart duit cultúr sábháilteacht othar a chur chun cinn laistigh de chomhthéacs an chórais sláinte go ginearálta. (Féach freisin an treoir i mír 63.1).

64.2 In ainneoin go ndéanann baill foirne a ndícheall, d'fhéadfadh go dtiocfadh teagmhais dhíobhálacha chun cinn go fóill. Is ionann teagmhais dhíobhálacha agus teagmhais a chruthaíonn torthaí neamhbheartaithe d'othair de bharr idirghabhálacha cliniciúla nó easnaimh chliniciúla nó de bharr na gcóras nó na bpróiseas a úsáidtear chun cúram othar a bhainistiú.

64.3 Má thagann teagmhas díobhálach chun cinn, ba cheart duit a chinntiú go mbeidh an tionchar is lú is féidir aige ar an othar. Má theastaíonn tuilleadh cúraim ón othar mar gheall ar an teagmhas díobhálach, ba cheart duit a chinntiú go dtugtar cúnamh agus tacaíocht dó le linn an phróisis sin.

64.4 Má bhí tú páirteach i dteagmhas díobhálach, ba cheart duit é a thuairisciú, foghlaim uaidh agus páirt a ghlacadh in aon athbhreithniú a dhéanfar ar an teagmhas.

## 65 Ábhair imní a tharraingt anuas

65.1 Má tá tú ar an eolas faoi chórais nó faoi struchtúir sheirbhíse as a dtagann cleachtais neamhshábháilte a d'fhéadfadh othair, tú féin nó do chomhghleacaithe a chur i mbaol, ní mór duit an méid sin a chur in iúl do dhuine nó d'údarás cuí. Ba cheart duit an treoir i mír 63.1 a leanúint maidir le hábhair imní a tharraingt anuas faoi shábháilteacht sa timpeallacht ina n-oibríonn tú.

65.2 Mura réitítear d'ábhair imní in ainneoin gur thuairiscigh tú iad do dhuine nó d'údarás cuí, d'fhéadfadh go ndéanfá breithniú ar an tsaincheist a tharraingt anuas lasmuigh den eagraíocht. Sula ndéanfaidh tú é sin, ba cheart duit comhairle a iarraidh ó chomhghleacaí seanchleachta nó ó d'eagraíocht slánaíochta leighis. Ní ceadmhach duit faisnéis rúnda a nochtadh faoi othair.

65.3 Más rud é gur comhalta de bhord thú agus go bhfuil imní ort go mbíonn cinneadh ón mbord nó ó chomhlacht eile rialaithe ag cur sábháilteacht othar i mbaol, ba cheart duit d'ábhair imní a chur in iúl go foirmiúil don bhord agus a iarraidh go dtaifeadfar go foirmiúil iad.

## 66 Inniúlacht a chothabháil

66.1 Gné ríthábhachtach de ghairmiúlacht is ea d'inniúlacht a chothabháil le linn do ghairme ar fad. Bíonn othair ag súil leis go mbeidh tú ar an eolas faoi chúrsaí i do speisialtacht nó i do réimse cleachtais agus go mbeidh tú inniúil iontu. D'fhonn cúram sábháilte a chur ar fáil, ní mór duit a chinntiú go gcothaíonn tú do chuid eolais agus scileanna agus go gcuireann tú feabhas orthu, go dtuigeann tú na teorainneacha maidir le d'inniúlacht agus go n-oibríonn tú laistigh díobh, agus go dtugann tú aghaidh ar réimsí a thagann faoi raon feidhme do chleachtais agus a bhfuil easpa inniúlachta agat orthu (féach mír 6.1 freisin).

66.2 Ba cheart duit a chuimhneamh gur gá duit d'inniúlacht a chothabháil de réir mar a thugann tú faoi do chleachtas laethúil, agus réimsí ina bhféadfadh gur ghá duit do chuid eolais agus scileanna a nuashonrú á sainaithint agat ag an am céanna.[36] Ba cheart duit foinsí seachtracha agus neodracha faisnéise a úsáid nuair is féidir freisin chun do riachtanais oiliúna nó forbartha a mheas. Ní mór duit aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin de do chleachtas trí pháirt a ghlacadh sna scéimeanna inniúlachta gairmiúla arna reáchtáil ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus trí dhul i mbun gníomhaíochtaí ábhartha cleachtasbhunaithe d'fhonn tú a chumasú leanúint le hardchaighdeán cúraim a chur ar fáil.

66.3 Ní mór duit taifead a choinneáil maidir leis na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích agat, machnamh a dhéanamh ar na saincheisteanna agus an t-eolas nua sin a chur i bhfeidhm i do chleachtas.

[36] Féach na hoibleagáidí chun inniúlacht ghairmiúil a chothabháil faoi alt 94 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 http://www.irishstatutebook.ie/2007/en/act/pub/0025/sec0094.html#sec94

## 67 Nochtadh oscailte agus dualgas cneastachta

67.1 Tacaítear le nochtadh oscailte laistigh de chultúr cneastachta. Bíonn dualgas ort an cultúr sin a chur chun cinn agus a chothú agus tacaíocht a thabhairt do chomhghleacaithe a ndéantar imscrúdú ar a gcuid gníomhartha tar éis teagmhas díobhálach. Má tá tú freagrach as imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, ba cheart duit a chinntiú go ndéantar iad go pras, agus tú ag aithint gur rud strusmhar é do gach duine lena mbaineann.

67.2 Tá othair agus, nuair is cuí, a dteaghlach i dteideal cumarsáid atá macánta, oscailte agus pras a fháil faoi theagmhais dhíobhálacha a bhféadfadh go ndearna siad dochar dóibh. Agus teagmhais á bplé agat leis an othar agus lena theaghlach, ba cheart duit:

- a admháil gur tharla an teagmhas;
- a mhíniú cén fáth ar tharla sé;
- leithscéal a ghabháil, más cuí; agus
- dearbhú a thabhairt don othar agus dá theaghlach go ndéanfar imscrúdú ar an gcúis leis an teagmhas agus go bhféachfar le laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh sé arís.

## 68 Teagasc agus oiliúint

68.1 Baineann ríthábhacht le mic léinn leighis agus le comhghleacaithe sóisearacha a theagasc agus a oiliúint maidir le leanúint le cúram sláinte atá sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil. Ba cheart duit bheith toilteanach páirt a ghlacadh sa teagasc agus san oiliúint agus tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do mhic léinn agus do chomhghleacaithe a gcuid eolais agus scileanna féin a fhorbairt. Ní mór duit caitheamh le mic léinn agus le hoiliúnaithe le dínit agus le meas.

## 69 Oiliúint agus oiliúnaithe

69.1 Má tá ról foirmiúil agat san oiliúint, ba cheart duit:

- maoirseacht a dhéanamh ar oiliúnaithe agus a chinntiú go ngníomhaíonn siad laistigh de theorainneacha a n-inniúlachta;
- aiseolas cuiditheach a thabhairt d'oiliúnaithe;
- bheith críochnúil, cothrom agus neodrach agus measúnú á dhéanamh agat ar oiliúnaithe; agus
- tacaíocht a thairiscint d'oiliúnaithe a bhfuil deacrachtaí lena bhfeidhmíocht acu.

69.2 Más oiliúnaí thú, ní mór duit tuiscint shoiléir a bheith agat ar do chuspóirí foghlama. Ba cheart duit bheith ar an eolas faoi na struchtúir thacaíochta agus oiliúna agus faoi na nósanna imeachta áitiúla casaoide atá i bhfeidhm.

## 70 Teagasc agus mic léinn leighis

70.1 Tacaíonn formhór na n-othar leis an oideachas agus leis an oiliúint leighis agus tuigeann siad a thábhachtaí atá siad. Má tá sé ar intinn agat páirt a thabhairt do mhic léinn i gcúram othair, ba cheart duit insint don othar faoi sin roimh ré. Nuair is féidir é, ba cheart duit aird a thabhairt ar mhianta na n-othar nach bhfuil ag iarraidh go mbeidh mic léinn páirteach ina gcúram agus na hothair sin a chur ar a suaimhneas nach rachaidh a gcinneadh i bhfeidhm ar a gcúram ar aon bhealach. Ba cheart duit a chinntiú nach gcuirfidh teagmháil le mic léinn leighis isteach ar an othar.

70.2 Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil tuiscint iomlán ag mic léinn atá ag obair le d'othair ar an ról atá acu maidir le cúram othar, go gcuireann siad iad féin in aithne d'othair agus nach dtugann siad le fios gur dochtúirí iad. Ba cheart duit do dhícheall a dhéanamh a chinntiú go bhfuil mic léinn eolach ar na prionsabail atá leagtha amach sa treoir seo agus sa cháipéis Guidance on Undergraduate Professionalism dár gcuid, agus go leanann siad na prionsabail sin. [37]

70.3 Ní mór do mhic léinn cead a fháil ón othar sula ndéanfaidh siad agallamh nó scrúdú air.

## 71 Rochtain ar othair a cheadú do dhaltaí scoile agus do dhaoine eile

71.1 D'fhéadfadh go n-iarrfaí ort cead a thabhairt do dhaltaí scoile nó do dhaoine eile nach gairmithe sláinte iad breathnú ar chúram cliniciúil othar. Agus iarrataí den sórt sin á mbreithniú agat, ní mór duit tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do chearta othar. Ba cheart duit a sheiceáil go ndearnadh grinnfhiosrú cuí ar aon dalta nó ar aon duine eile a mbeidh rochtain aige ar othair nó ar fhaisnéis faoi othair agus go dtuigeann sé an dualgas rúndachta atá air. Ba cheart duit a chinntiú gur shínigh gach dalta (nó gach duine eile) comhaontú foirmiúil gan faisnéis a nochtadh le linn dó breathnú ar chúram othar nó ina dhiaidh. Ní mór duit toiliú a fháil ó othair sula dtabharfaidh tú cead do dhaltaí nó do dhaoine eile breathnú ar d'othair nó déileáil leo.

## 72 Scileanna teanga

72.1 Ní mór duit dea-thuiscint ar an mBéarla a bheith agat ionas go mbeidh tú in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le hothair agus le comhghleacaithe.

## 73 Ábhair imní faoi chomhghleacaithe

73.1 Má tá ábhair imní agat faoi iompar comhghleacaí nó faoina inniúlacht, ba cheart duit na hábhair imní sin a phlé go híogair agus go discréideach leis an dochtúir atá i gceist ar dtús.

73.2 Má tá aon ábhair imní agat faoi shábháilteacht othar, ní mór duit gníomhú chun aon riosca láithreach do shábháilteacht othar a chosc trí fhógra a thabhairt do na húdaráis ábhartha (lena n-áirítear Comhairle na nDochtúirí Leighis) faoi na hábhair imní sin a luaithe is féidir.

73.3 Mura bhfuil tú cinnte cé hé ar cheart duit an t-ábhar imní a thuairisciú dó, iarr comhairle ó chomhghleacaí sinsearach, ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis nó ó do chuideachta slánaíochta leighis.

---

[37] A Foundation for the Future: Guidelines for Medical Schools and Medical Students on Undergraduate Professionalism

A

# Aguisín A: Prionsabail na Reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise

Tá an téacs seo a leanas tógtha ó shuíomh Gréasáin an Choimisinéara Faisnéise.

## Saoráil Faisnéise: Prionsabail agus Toimhdí

Is fiú na prionsabail agus na toimhdí ar a bhfuil an córas um Shaoráil Faisnéise bunaithe a athlua anseo. San Acht um Shaoráil Faisnéise, glactar leis sa Teideal Fada, "rochtain, a mhéid is féidir é", go nochtar faisnéis. mar ghnás

## Prionsabail

- Níor cheart forálacha neamhnochta a mheascadh le forálacha rúndachta.
- Ní mór forálacha neamhnochta a bheith sonrach.
- Ní mór gá soiléir a bheith ann le gach foráil neamhnochta.
- Ní mór forálacha neamhnochta a athbhreithniú ar bhonn rialta.
- Ní mór forálacha neamhnochta a thagann as Treoracha ón AE a bheith laistigh de chumhachtaí na dTreoracha sin agus níor cheart iad a fhormhéadú agus rialacháin á dtrasuí i reacht na hÉireann.
- Ní mór forálacha neamhnochta a úsáid a laghad is féidir.

## Toimhdí

- I gcás comhlachtaí poiblí a bhfuil taifid ina seilbh a thagann faoi fhorálacha neamhnochta, d'fhéadfadh go n-áireofaí nó nach n-áireofaí iad sa Chéad Sceideal (is iad sin, comhlachtaí atá faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise).
- Mura n-áirítear iad ann, níl aon mheicníocht ann chun faisnéis a nochtadh tríd an gcomhlacht poiblí sin. Mar sin féin, féadfar rochtain a lorg sa chás go bhfuil na taifid atá i gceist i seilbh comhlacht poiblí atá faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise.
- Níl údar le forálacha neamhnochta ach amháin sa chás nach leor Cuid III den Acht um Shaoráil Faisnéise (Taifid Dhíolmhaithe) chun na leasanna sonracha lena mbaineann a chosaint.
- Tá fíorbheagán cásanna ann nach soláthraítear le Cuid III den Acht um Shaoráil Faisnéise cosaint chuí d'aon leasanna lena mbaineann.
- Leantar leis an Acht um Rúin Oifigiúla a úsáid chun cosaint a thabhairt ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise oifigiúla ag státseirbhísigh.

B

# Aguisín B: Rúndacht – Reachtaíocht Ábhartha

Tá an téacs seo a leanas tógtha ó shuíomh Gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

## Cosaint Sonraí

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

http://www.dataprotection.ie/viewdoc.asp?DocID=796

## Is iad seo a leanas na hocht riail um chosaint sonraí:

1. Faisnéis a fháil agus a phróiseáil go cóir
2. An fhaisnéis sin a choimeád ar chúis amháin, nó níos mó, atá sonraithe, soiléir agus dleathach
3. Í a úsáid agus a nochtadh ar bhealaí atá ar comhréir leis na cúiseanna sin
4. Í a choimeád sábháilte agus slán
5. Í a choimeád cruinn, iomlán agus cothrom le dáta
6. A chinntiú go bhfuil sí leordhóthanach agus ábhartha gan a bheith iomarcach
7. Gan í a choimeád níos faide ná mar is gá chun na críocha/críche sin agus
8. Cóip dá shonraí pearsanta a thabhairt do dhuine aonair ar iad a iarraidh

Foinse: https://www.dataprotection.ie/docs/A-Guide-for-Data-Contollers/696.htm#3 arna rochtain an 22/01/2016

**An Reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise**

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, alt 6
http://www.irishstatutebook.ie/1997/en/act/pub/0013/

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
http://www.irishstatutebook.ie/2014/en/act/pub/0030/index.html

An tAcht um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar atá fós le hachtú
http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2015/11/Revised-General-Scheme-HIPS-Bill.pdf

Achtanna Sláinte (Faisnéis a Sholáthar), 1997 agus 2003 agus rialacháin ghaolmhara
http://www.irishstatutebook.ie/1997/en/act/pub/0009/

An tAcht Staitistíochta 1993
http://www.irishstatutebook.ie/1993/en/act/pub/0021/

Na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981, arna leasú sna blianta 2003 agus 2011
http://www.irishstatutebook.ie/1981/en/si/0390.html

# Aguisín C: Faisnéis atá le soláthar d'Othair sula dtabharfaidh siad Toiliú

D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis an bhfaisnéis atá ó othair nó ba cheart a bheith ar eolas ag othair sula gcinnfidh siad cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh siad toiliú le cóireáil nó le himscrúdú:

- sonraí faoin diagnóis agus faoin bprognóis, agus an phrognóis ar dóigh di bheith ann mura gcóireáiltear an riocht;
- éiginnteacht maidir leis an diagnóis, lena n-áirítear na roghanna atá ann tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh sula dtosófar ar chóireáil;
- na roghanna atá ann maidir leis an riocht a chóireáil nó a bhainistiú, lena n-áirítear an rogha atá ann gan an riocht a chóireáil;
- an chúis atá le himscrúdú nó le cóireáil atá beartaithe;
- sonraí faoi na gnáthaimh nó faoi na teiripí atá i gceist, lena n-áirítear modhanna faoisimh ó phian;
- sonraí faoin ngnáthamh agus faoi na hiarmhairtí a bheidh ag an ngnáthamh don othar lena linn nó ina dhiaidh, lena n-áirítear fo-iarsmaí coitianta agus tromchúiseacha;
- míniúcháin ar na tairbhí ar dóigh dóibh bheith i gceist le gach rogha agus ar an dóchúlacht go n-éireoidh leo;
- plé ar aon rioscaí tromchúiseacha nó ar aon rioscaí a thagann chun cinn go minic agus ar aon athruithe stíl mhaireachtála a d'fhéadfadh bheith i gceist le gach rogha;
- faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil cóireáil atá beartaithe turgnamhach;
- faisnéis faoi conas agus faoi cén uair a dhéanfar faireachán nó athmheasúnú ar riocht an othair agus ar aon fho-iarsmaí;
- ainm an dochtúra a mbeidh freagracht fhoriomlán air as an gcóireáil agus, nuair is cuí, ainm na mball sinsearach den fhoireann;
- faisnéis faoi cé acu a bheidh nó nach mbeidh dochtúirí faoi oiliúint páirteach sa chóireáil;
- a mhéid a d'fhéadfadh go mbeadh mic léinn páirteach in imscrúdú nó i gcóireáil;
- a mheabhrú don othar gur féidir leis a intinn a athrú faoi chinneadh tráth ar bith;
- a mheabhrú don othar go bhfuil sé de cheart aige tuairim dochtúra eile a iarraidh; agus
- sonraí faoi chostais nó faoi tháillí a bhféadfadh gur ghá don othar freastal orthu, nuair is infheidhme Innéacs.

# Innéacs


### A

Ábhair imní faoi chomhghleacaithe ........ 44
ábhair a mheas........ 27, 30, 33
ábhair amhrais ........ 18
ábhair imní a tharraingt anuas ........ 11, 36, 40, 42
ábhar a nochtadh........ 17, 22, 25, 26, 27, 42, 44, 48
Acht na Lia-Chleachtóirí 2007........ 8, 31, 37, 42
acmhainní........ 10, 11, 22, 39, 40
Acmhainní a phleanáil agus a úsáid ........ 40
Acmhainní cúram sláinte ........ 22, 40
Aguisíní / Aguisín ........ 15, 16, 26, 28, 46, 48, 50
agóid choinsiasach ........ 35
aibíocht ........ 19
ainmneacha branda ........ 31
Ainmneacha bréige a úsáid........ 26
airgeadas / leasanna airgeadais........ 11, 30, 39, 40
aiseolas ........ 43
aistriú ........ 21, 26, 29, 32, 35
aistriú/aistrithe ........ 21, 38, 40
alcól ........ 8, 38
anaithnid ........ 26
an ceart chun diúltú do chóireáil leighis ........ 15
An Chúirt Uachtarach........ 8
An Coimisinéir Faisnéise ........ 46
An Coimisiún Meabhair-Shláinte ........ 36
an dlí ........ 7, 15, 19, 20, 27, 28, 37
andúil ........ 8
andúileach........ 31
an leas is fearr........ 11, 16, 18, 19, 22, 26, 29, 30, 31, 36
An tAcht Meabhair-Shláinte 2001 ........ 19, 36
An tAcht Meabhair-Shláinte 2001 ........ 36
An tAcht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar) 2013........ 31
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012 ........ 27
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 ........ 19
An tAcht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis 2013........ 35
An tAcht um Míchumas 2005........ 18
An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014........ 40
An tAcht um Rialáil Faisnéise (Seirbhísí lasmuigh den Stát chun Toirchis a Fhoirceannadh), 1995 ........ 35
An tAcht um Shaoráil Faisnéise........ 46
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014........ 19, 27, 48
An tAcht um Stádas Comhionann, 2000 ........ 15
an tIdirlíon ........ 32
An tOireachtas ........ 18, 25, 27
árachas ........ 30, 38
ar líne ........ 20
atreorú ........ 12, 21, 26, 29, 30, 31, 38, 39
Atáirgeadh daonna cuidithe ........ 34

### B

bailí ........ 16, 20
bainistiú a dhéanamh ........ 10, 11, 36, 39, 40, 42, 50
bainistíocht / bainisteoir........ 11, 21, 25, 29, 34, 39, 40
ballraíocht de chomhlachais nó de chumainn........ 32
bás (féach freisin ‘duine nach maireann’ agus ‘bás a fháil’ ........ 18, 27, 34
bás a fháil (féach freisin ‘bás’ agus ‘duine nach maireann ........ 33
bearta araíonachta........ 40
Beartas Náisiúnta Toilithe FSS........ 19
beinsidhé-asaipín ........ 31
Bia agus deoch........ 33
Bille na Lia-Chleachtóirí (Slánaíocht Ghairmiúil) (Leasú)........ 38
binse ........ 27
bonn a bhaint ........ 21
breacadh nótaí faoi stair an othair........ 28
breithiúna(i)s........ 7, 11, 19, 38
bronntanais ........ 39
bulaíocht........ 21

### C

caidreamh idir an dochtúir agus an t-othar ........ 10
Caidreamh idir comhghleacaithe........ 21
caidreamh le hothair........ 20
Caidreamh pearsanta le hothair ........ 20
caighdeá(i)n........ 7, 8, 12, 20, 22, 28, 30, 32, 34, 36, 39, 42, 43
cáil ........ 7
cáilíocht........ 12, 26, 40

cáilíochtaí ........ 21, 33
cásdlí ........ 7
cás-staidéir ........ 20
castachtaí annamha ........ 35
cead ........ 44
céasadh ........ 36
ciapadh ........ 21
ciapadh gnéasach (féach freisin 'gnéasach') ........ 21
cine ........ 7, 15
cinntí eolasacha ........ 10, 16
ciontú ........ 8, 37
cistiú ........ 39
Cleachtas machnamhach (féach freisin 'machnamh') ........ 12
Cloí le nósanna imeachta ........ 11
Clárú ........ 37
clónáil ........ 35
clúmhillteach ........ 20
cneastacht ........ 27, 43
codlaidíneach ........ 31
cógaiseoir(í) / cógaslann ........ 31, 39
cógaisíocht ........ 11, 22, 39
coimhdire ........ 28
coinbhleacht(aí) leasa ........ 11, 21, 39, 40
Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú ........ 39
coir ........ 27
Cóireáil Meatadóin ........ 31
Coiste Sláinte ........ 38
Colúin na Gairmiúlachta ........ 10
comhairleoireacht ........ 18, 34
comhghleacaithe ........ 10, 11, 12, 15, 20, 21, 32, 35, 37, 42, 43, 44
Comhionannas agus éagsúlacht ........ 15
Comhpháirtíocht ........ 10, 14
conradh ........ 37
córa(i)s ........ 10, 11, 38, 40, 42
Corbally -v- Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Daoine Eile ........ 8
cosaint ........ 11, 15, 25, 27, 28, 32, 35, 36, 37, 38, 40, 46
Cosaint agus leas daoine fásta soghonta ........ 25
Cosaint agus leas leanaí ........ 19, 25
cosaint leanaí ........ 25
cosaint sonraí ........ 22, 26, 27, 28, 29, 32, 48
cosmaideach ........ 33
costais ........ 33, 50
cothú agus hiodráitiú ........ 11, 33
cothú saorga ........ 33
creidimh ........ 16, 19
cruinn ........ 20, 22, 27, 30, 31, 32, 34, 37, 48
críocha dlí-liachta ........ 28
cúirt dlí ........ 27
cúirteanna ........ 37
Cultúr sábháilteacht othar ........ 42
cultúrtha / cultúr ........ 15, 16, 42, 43
cumarsáid ........ 8, 10, 12, 16, 20, 32, 38, 43
cumarsáid a dhéanamh ........ 10, 15, 16, 20, 33, 44
cumas ........ 15, 16, 17, 18, 26, 36
cumhacht ........ 21
cuntasacht ........ 21
cur i gcoinne ........ 26, 30
Cúram atá dírithe ar an othar ........ 10
Cúram deireadh saoil ........ 33
cúram maolaitheach ........ 33
cúram tánaisteach ........ 21
Cuspóir na treorach ........ 6
cuspóirí foghlama ........ 43


## D


damáiste ........ 21
daoine den Lucht Siúil ........ 15
Dea-chleachtas gairmiúil ........ 10, 13
dearbhú bliantúil ........ 37
Dearbhú Heilsincí ........ 23
Dearbhú Thóiceo ........ 36
deimhnithe ........ 31, 38
deimhnithe breoiteachta ........ 38
Deimhniú ........ 31
deonú / deontóir(í) ........ 34
deonú orgáin nó fíocháin ........ 19, 34
Dímheas a léiriú ar chomhghleacaí ........ 21
dínit ........ 10, 15, 20, 28, 33, 43
Dínit an othair ........ 15
Díolúintí do Sholáthar Éigeandála (drugaí) ........ 31
díospóidí ........ 21
Diúltú ........ 15, 17, 18, 19, 30, 34, 35
diúltú do chóireáil a fháil / diúltú do chóireáil a chur ar fáil ........ 18, 19, 30, 34

diúscairt ........................................................ 27
diúscartha ........................................................ 29
dleathach .................................................. 35, 48
dlí/dlíthiúil......................... 7, 16, 18, 19, 26, 28, 30
dochar tromchúiseach .................17, 25, 26, 27, 28
Dochtúirí a bhfuil ról bainistíochta acu ................ 40
dochtúirí a earcú............................................... 38
drugaí............................................................ 8, 31, 38
dualga(i)s.................... 7, 11, 15, 17, 18, 21, 22, 26,
.................................. 27, 30, 35, 38, 40, 43, 44
dualgas cneastachta.................................... 27, 43
duine a chur chun báis ....................................... 36
duine nach maireann (féach freisin
'bás' agus 'bás a fháil') .................................. 27
Dul ar scor agus cúram othar a aistriú ................ 29
dúshaothrú a dhéanamh / dúshaothrú /
dúshaothraithe......................................... 20, 21

## E

eachtraí díobhálacha.............................. 10, 42, 43
eagraíocht cosanta leighis .................................. 28
éagumas ........................................................ 18
easaontas ................................................ 10, 34
éigeandáil / éigeandálaí / seirbhísí
éigeandála .................... 17, 29, 31, 33, 35, 36, 38
éisteacht le daoine............................10, 15, 18, 34
eiseamláirí....................................................... 12
eiticiúil / eitic ..................... 7, 12, 22, 23, 35, 38, 39
eitneacht ................................................... 7, 15

## F

faillí ............................................................... 25
faisnéis a chomhroinnt................................. 25, 28
Faisnéis a sholáthar don phobal agus fógraíocht.. 32
Faisnéis atá le soláthar d'Othair sula
dtabharfaidh siad Toiliú .................................. 49
Faisnéis faoi áitreabh agus faoi chleachtadh ........ 37
Feidhmíocht......................... 7, 8, 10, 12, 40, 41, 43
feidhmíocht ghairmiúil lag ............................... 7, 8
Féinchúram ...................................................... 11
feiste/feistí leighis.................................. 11, 22, 39
fianaise / fianaisebhunaithe ..........12, 31, 32, 35, 38
fíor (féach freisin 'fírinneach / fírinneacht') .... 33, 40
fírinneach / fírinneacht (féach freisin 'fíor') .... 10, 11
foghlaim ar feadh an tsaoil................................. 12
fógraíocht ....................................................... 32
foilseachán / poiblí / foilsiú ................20, 22, 32, 33
foirceannadh ................................................... 35
foireann/foirne cúram sláinte ........10, 18, 26, 33, 34
forbairt ghairmiúil leanúnach .............................. 12
foréigean / foréigneach............................... 11, 27
fostóir(í) ....................................11, 28, 30, 35, 37
fótagrafach (féach freisin 'íomhánna' agus
'taifeadtaí amhairc agus fuaime') ............... 28, 33
freagracht(aí) ................... 7, 11, 17, 21, 22, 25, 33,
............................................. 34, 38, 39, 40, 50
frithghníomhartha díobhálacha ........................... 31

## G

gaireas móibíleach............................................ 28
gairmiúlacht .................................9, 10, 30, 42, 44
galar teagmhálach ............................................. 38
gaol(ta) (féach freisin
'teaghlach / teaghlaigh') ............20, 26, 27, 28, 38
Gaolta a chóireáil .............................................. 38
gaolta agus dlúthchairde..................................... 26
gearáin .............................................................. 8
Ginmhilleadh ..................................................... 35
Glacadh le poist ................................................ 37
gnéasach...................................15, 20, 21, 25, 27
go slán / slándáil ............. 20, 25, 28, 29, 31, 32, 36
grinnfhiosrú ...................................................... 44

## I

iarmhairtí díobhálacha ....................................... 31
idirdhealú ................................................. 10, 15
idirghabháil / seirbhís idirghabhála ..................... 34
ildisciplíneach................................................... 36
infhíoraithe ............................................... 20, 33
iniúchadh/iniúchtaí ............................12, 26, 34, 40
inléite ....................................................... 27, 31
inniúil .......................................12, 21, 25, 29, 42
inniúlacht...................... 7, 8, 12, 37, 38, 42, 43, 44
Inniúlacht a chothabháil..................................... 42
inscne......................................................... 7, 15
intéirneach ....................................................... 17
íomhánna (féach freisin 'fótagrafach'
agus 'taifeadtaí amhairc agus fuaime').. 20, 21, 28
ionracas............................................... 10, 11, 15
ionsaí gnéasach (féach freisin 'gnéasach') ........... 27

iontaoibh ....................................10, 11, 20, 21, 25

## L

lagú amhairc nó éisteachta.................................16
leanbh / leanaí.............................11, 18, 19, 25, 27
leanbáin gan bhreith ........................................35
leanúnachas cúraim ................................... 28, 36
leas ..................................................... 19, 25, 37
leas an phobail ........................................... 27, 32
leictreonach........................................... 27, 28, 32
leithscéal a ghabháil ........................................43
liachleachtóir ginearálta................21, 27, 29, 32, 38
líonraí gairmiúla................................................20
luachanna.............................10, 11, 12, 16, 19, 35

## M

machnamh ........................................... 12, 19, 43
mac léinn / mic léinn / dalta(í).......12, 21, 43, 44, 50
macántacht / macánta /
go macánta...............................10, 11, 17, 37, 43
máinliacht phlaisteach .......................................33
maoirseacht a dhéanamh /
maoirseacht / maoirseoir(í) ........12, 17, 21, 29, 43
maslach..............................................................20
meas / go measúil / meas a léiriú /
aird a thabhairt ..................10, 15, 17, 18, 20, 21,
...............................................26, 28, 34, 36, 43
mic léinn leighis (féach freisin
'mic léinn / daltaí') .........................12, 21, 43, 44
mí-iompar gairmiúil ........................................7, 8
mí-ionraic...........................................................7
mí-úsáid ............................................... 25, 38
mí-úsáid alcóil nó drugaí ...................................38
Mí-úsáid stairiúil líomhnaithe a thuairisciú ...........25
míchumas............................7, 8, 15, 16, 18, 19, 25
morálta ............................................... 12, 35

## N

náireach ............................................................7
náisiúntacht.........................................................7
na meáin ........................................20, 21, 32, 36
na meáin shóisialta / líonrú sóisialta ............. 20, 21
na póilíní...........................................................37
Na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte
(Oideasú agus Rialú Soláthair) 2003.................31
Neamhnochtadh ...............................................46
neamhord síceolaíoch.........................................38
neamhspleáchas...............................................15
neodrach .........................................38, 40, 42, 43
nochtadh ........................ 25, 26, 27, 28, 40, 43, 46
Nochtadh a cheanglaítear leis an dlí....................27
Nochtadh gan toiliú...........................................27
Nochtadh le leas an phobail ................................27
Nochtadh le toiliú...............................................26
Nochtadh oscailte .......................................27, 43
Nochtadh Oscailte agus Dualgas Cneastachta......27
Nochtadh tar éis báis .........................................27
nósanna imeachta casaoide................................43
nótaí leighis / taifid leighis (féach
freisin 'taifead / taifid / coinneáil
taifead') ..............................18, 19, 27, 28, 29, 32

## O

oibleagáidí ....................................................7, 42
Oibriú le chéile...................................................10
oideachas ..................................12, 26, 32, 39, 43
oideachas leanúnach .........................................32
oideas a ordú / a bheith ordaithe.........31, 36, 38, 39
oideas / oidis ........................................ 31, 32, 36
Oiliúint agus oiliúnaithe (féach freisin
'oilte / oiliúint' agus 'oiliúnaí / oiliúnaithe').........43
oiliúnaí / oiliúnaithe (féach freisin
'oilte / oiliúint') .................................. 12, 21, 43
oilte / oiliúint (féach freisin
'oiliúnaí / oiliúnaithe') ...............12, 17, 25, 26, 31,
.............................................. 32, 39, 42, 43, 50
orgáin atáirgthe an duine a chlónáil ....................35
Othair a atreorú (féach freisin 'atreorú') ......... 29, 30
Othair a d'fhéadfadh daoine eile a chur i mbaol ... 36
othair a scaoileadh ...........................................22
othair faoi ainéistéiseach ...................................28

## P

painéil earcaíochta.............................................38
pobal / pobal..............................27, 32, 34, 36, 40
prionsaba(i)l.................................7, 10, 12, 15, 18,
...............................................26, 32, 44, 45, 46
prionsabail um chleachtas gairmiúil.......................7
Prionsabail um Shaoráil Faisnéise.......................45
príobháideacht.......................20, 21, 25, 28, 32, 37
príosúnaigh........................................... 29, 36
prótacail ..........................................................19

## R

Radaíocht ianúcháin liachta ................................ 39
Rannán Speisialtóirí ........................................... 32
reachtaíocht ............................7, 8, 23, 25, 27, 31, 38, 45, 47, 48
reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta ....... 38
reachtaíocht um Mí-Úsáid Drugaí........................ 31
réamhdhiúltuithe ............................................... 18
réamhphlean cúram sláinte .......................... 18, 34
reiligiún / creideamh...................................... 7, 15
réiteach ....................................................... 10, 34
Relationships between Doctors and Industry........ 39
rialacha ..........................................7, 8, 28, 36, 48
Rialacha lena Rialaítear an Úsáid a Bhaintear as Cúlráideacht agus as Modhanna Meicniúla um Shrianadh Coirp ......... 36
rialacha um chosaint sonraí (féach freisin 'cosaint sonraí') .......................... 48
rialacháin.......................... 8, 27, 31, 35, 39, 46, 48
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Radaíocht Ianúcháin Liachta) 2002................................................. 39
rioscaí .............................................11, 16, 17, 19, 31, 32, 33, 50
rochtain ................................10, 19, 28, 35, 44, 46
Rochtain ar othair a cheadú do dhaltaí scoile agus do dhaoine eile .............................. 44
rogha........................................................... 27
rúnda.......................................19, 26, 27, 28, 42
rúndacht......................... 11, 19, 20, 22, 25, 26, 28, 32, 36, 40, 44, 46, 47

## S

sábháilteacht..............................11, 25, 31, 36, 37, 38, 39, 40, 42, 44
sábháilteacht agus tathant othar................... 36, 40
Sábháilteacht othar a chur chun cinn.................. 11
sábháilteacht radaíochta.................................... 39
Saincheisteanna fostaíochta ............................... 37
saincheisteanna meabhrach ................8, 11, 18, 19, 25, 28, 36
saincheisteanna raideolaíochta........................... 39
sainchomhairleoir ............................................. 29
saoráid / saoráidí.........................22, 31, 34, 39, 40
Saoráil Faisnéise....................19, 26, 27, 45, 46, 48
sárú rúndachta ................................................ 25
Scileanna teanga .............................................. 44
Scrúduithe fisiciúla agus dlúthphearsanta........... 28
scrúdú/scrúduithe dlúthphearsanta..................... 28
scrúdú fisiciúil ........................................... 28, 32
scéimeanna inniúlachta gairmiúla....................... 42
seirbhís(í) ................. 10, 11, 12, 20, 25, 27, 29, 31, 32, 33, 34, 35, 38, 39, 40, 42
seirbhísí as uaireanta........................................ 27
seirbhísí cóireála drugaí.................................... 31
seirbhísí sláinte / seirbhísí cúram sláinte (féach freisin 'seirbhís(í)')................10, 12, 32, 38
síciatrach........................................................ 19
sláinte ............................ 10, 11, 12, 15, 16, 17, 19, 21, 22, 26, 28, 29, 30, 31, 32, 35, 36, 38, 40, 44, 48
Sláinte agus folláine dochtúirí............................. 38
slánaíocht............................................ 38, 42, 44
Slánaíocht ghairmiúil ........................................ 38
Socruithe dochtúra ionaid agus socruithe róta ..... 37
soghontacht / soghonta .....................10, 11, 20, 25, 27, 29, 36
soláthar .......................................................... 39
speisialtacht(aí)..................................... 32, 33, 42
speisialtóir ................................................ 29, 39
spleáchas (ar dhrugaí) ...................................... 31
spleáchas ar dhrugaí ......................................... 31
srianadh .......................................................... 36
stair leighis...................................................... 29
stíl mhaireachtála .................................. 10, 30, 50
stóráil ............................................................ 27
substaintí rialaithe ............................................ 38
suíomhanna Gréasáin ........................................ 32

## T

tacaíocht / tacaí / tacaíocht a thabhairt.................................10, 11, 12, 15, 16, 18, 21, 26, 31, 33, 34, 35, 38, 39, 43
Taifeadadh (féach freisin 'taifeadtaí amhairc agus fuaime') ............................... 27, 28
taifead / taifid / coinneáil taifead ....................................10, 11, 18, 19, 25, 26, 27, 28, 29, 31, 32, 34, 43, 46

taifeadtaí amhairc agus fuaime (féach freisin 'íomhánna', 'fótagrafach' agus 'Taifeadadh') ........................ 27
taifid a choinneáil (féach freisin 'taifead / taifid / coinneáil taifead') .................... 28
taighde ............................ 10, 19, 22, 23, 26, 32, 39
táille / táillí ............................................ 30, 33, 39
táirgí cúram sláinte ........................................... 40
tarmligean / tarmligean agus atreorú ............ 17, 21
tástáil ghéiniteach ............................................ 18
tathant.................................................. 10, 36, 40
tathantóir............................... 10, 15, 22, 34, 35, 40
Teagasc ...................................................... 12, 43
Teagasc agus mic léinn leighis ........................... 43
Teagasc agus oiliúint ......................................... 43
teaghlach / teaghlaigh (féach freisin 'gaol(ta)')......... 11, 15, 18, 20, 27, 28
............................................. 33, 34, 38, 39, 43
teagmhas díobhálach.......................................... 11
teanga ....................................................... 16, 44
teicneolaíochtaí ................................................. 32
teilileigheas / seirbhísí teilileighis.................. 27, 32
teistiméireachtaí ............................................ 7, 37
tinneas .......................................15, 18, 29, 35, 38
toiliú .............................. 15, 16, 17, 18, 19, 22, 25,
........................................ 26, 27, 28, 29, 30, 32,
.................................................34, 39, 44, 49, 50
toircheas / toircheasach...................................... 35
Toirchiú In Vitro ................................................. 34
Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí ............................................ 25
triail chliniciúil ................................................... 23
Trialacha cliniciúla agus taighde cliniciúil ............. 22
tríú páirtí.......................................................... 30
tuairim dochtúra eile..................................... 34, 50
tuairimí ............................................................ 20
tuairisc(í) / tuairisciú ... 11, 25, 30, 31, 38, 39, 42, 44
Tuairiscí leighis ................................................. 30
tuiscint ................................................ 10, 11, 33
tuismitheoir(í) nó caomhnóir(í)....................... 19, 25
turgnamhach ............................................... 35, 50
Tús Áite do Leanaí....................................... 19, 25

## U

údaráis .................................................. 22, 25, 44
údarás ..................................16, 18, 21, 27, 38, 42
uimhir chlárúcháin ..................................... 32, 37
uimhir chlárúcháin le Comhairle na nDochtúirí Leighis ................................ 31, 32

Deartha ag Lárionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

RPC012130_GA_WB_D_2